



**An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara**
Department of Agriculture,
Food and the Marine

Creat Rialachais Chorparáidigh na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara

Meán Fómhair 2019

Caibidil	Leathanach
<i>Réamhrá</i>	2
1. Forléargas ar an Roinn	4
2. Róil agus Sannachán Freagrachtaí an Aire agus na Bainistíochta Sinsearaí	16
3. An Bord Bainistíochta agus Struchtúir Rialachais eile	24
4. Socruithe Iniúchta, Dearbhaithe agus Comhlíonta	29
5. Comhlachtaí Stáit atá faoi Choimirce na Roinne	37
6. Aguisíní	
Aguisín 1 – Eagraghram na Roinne	45
Aguisín 2 - Comhlachtaí Stáit atá faoi Choimirce na Roinne	46
Aguisín 3 - Sonraí an orgáin i bhformáid Word.	51

Foilsíodh an chéad Chreat Rialachais Chorparáidigh de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara i mí Aibreán 2016. Is ionann an Creat agus doiciméad beo a dtagann forbairt air diaidh ar ndiaidh trí thaithí agus is é seo an chéad athbhreithniú. Tá sé i gceist leis an gcreat a bheith mar threoir do gach uile dhuine sa Roinn agus do na daoine a bhfuilimid ag freastal orthu, don bhealach ina ndéanaimid ár gcuid seirbhísí a sheachadadh agus do na feidhmeanna agus na struchtúir atá i bhfeidhm chun tacú leis an seachadadh sin. Déanann an creat iarracht pointe tagartha amháin a sholáthar do shocruithe rialachais sa Roinn agus cuidíonn sé freisin le dea-rialachas a chur chun cinn mar chultúr laistigh den eagraíocht.

Tugann dea-rialachas tacaíocht do agus treisíonn ár n-éiteas seirbhíse poiblí atá fréamhaithe go daingean cheana féin sa neamhspleáchas, san ionracas, sa neamhchlaontacht, sa chomhionannas, sa chothroime agus meas. Feabhsaíonn sé ár n-acmhainneacht le hoibriú go héifeachtúil chomh maith le cuidiú linn freastal ar an méid a bhfuil an pobal ag súil leis. Cuireann na córais rialachais atá i bhfeidhm againn laistigh den Roinn le forbairt beartais agus le seachadadh ár seirbhísí ar bhealach atá níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus, i ndeireadh na dála, ciallaíonn sé torthaí níos fearr do na daoine a bhfuilimid ag freastal orthu.

Tá an Creat seo bunaithe ar an gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2015 agus ina leagtar amach na cúig phrionsabal rialachais seo a leanas:

1. Tacaíonn dea-rialachas le cultúr agus le héiteas a chinntíonn iompar macánta, tiomantas láidir do luachanna eiticiúla agus meas ar fhorlámhas an dlí.

2. Cuidíonn an dea-rialachas le tosaíochtaí agus torthaí a shainiú i dtéarmaí tairbhe inbhuanaithe eacnamaíochta agus shóisialta agus cinntí a dhéanamh faoi na beartais agus idirghabhálacha atá riachtanach leis an leas is fearr is féidir a bhaint as na torthaí agus as na tosaíochtaí sin. Ciallaíonn sé sár-chleachtais a chur i bhfeidhm sa trédhearcacht, sa tuairisciú, sa chumarsáid, san iniúchóireacht agus sa ghrinnscrúdú chun cuntasacht éifeachtach a sheachadadh.

3. Ciallaíonn dea-rialachas cumas na Roinne a fhorbairt, lena n-áirítear, cumas na foirne ceannaireachta, an lucht bainistíochta agus na foirne.

4. Ciallaíonn dea-rialachas rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú trí chórais rialaithe inmheánacha atá tréan agus trí chleachtais éifeachtacha bainistíochta feidhmíochta.

5. Cinntíonn dea-rialachas oscailteacht, próisis chomhairliúcháin phoiblí éifeachtacha agus idirbheartaíocht chuimsitheach le geallsealbhóirí intíre agus idirnáisiúnta.

Tacaíonn na prionsabail seo linn sa bhealach ina ndéanaimid ár sainordú a sheachadadh agus leis an mbealach ina mbainimid amach na torthaí atá i gceist le linn dúinn a bheith ag feidhmiú i gcónaí ar mhaithe le leas an phobail. Níl rialachas ann go díreach leis an mbainistíocht a chaomhnú. Tá cultúr dea-rialachais lárnach ó thaobh beartais agus cleachtais straitéiseacha agus oibríochta go léir na Roinne. Tá ról tábhachtach againn ó thaobh comhthiomantas i leith dea-rialachas na Roinne agus ó thaobh freastal ar ionchais maidir leis an mbealach ina ndéanaimid ár gcuid seirbhísí a sheachadadh don phobal. Tá ár ndícheall a dhéanamh againn trínár luachanna, seirbhísí agus ár gcuid foirne mar eagraíocht le barr feabhais oibríochta a bhaint amach sa mhéid atá idir lámha againn agus tá rialachas comparáideach éifeachtach mar bhonn taca leis sin.

Brendan Gleeson

Ard-Rúnaí

Prionsabal Rialachais - Tacaíonn dea-rialachas le cultúr agus le héiteas a chinntíonn iompar macánta, tiomantas láidir do luachanna eiticiúla agus meas ar fhorlámhas an dlí.

Misean/Cuspóir na Roinne

Tá sé mar mhisean ag an Roinn forbairt inbhuanaithe na n-earnálacha agraibhia, foraoiseachta agus muirí a stiúradh, a fhorbairt agus a rialú ionas go mbeidh ar a gcumas an méid is fearr is féidir a chur le forbairt eacnamaíochta agus sóisialta náisiúnta agus leis an timpeallacht nádúrtha agus le sláinte phoiblí a chosaint. Is í an Roinn an Ghníomhaireacht Íocaíochta creidiúnaithe náisiúnta le cistí Philéir I agus II Chomhbheartas Talmhaíochta an AE a íoc amach agus tá ról ríthábhachtach acu seo ó thaobh tacaíochta a thabhairt d'fheidhmiú beartais agus le taca a chur faoi iarrachtaí leis na cuspóirí a leagtar amach sa straitéis forbartha tionscal a bhaint amach.

Is iad Cuspóirí na Roinne:

- Forbairt eacnamaíochta na n-earnálacha agraibhia, foraoiseachta agus muirí a chur chun cinn, lena n-áirítear baint amach Food Wise 2025 a éascú;
- Na caighdeáin arda atá ann cheana féin maidir le sábháilteacht bia, cosaint tomhaltóra, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí a chur chun cinn agus a fheabhsú, lena n-áirítear trí rialú agus trí fhorfheidhmiú;
- Feirmeoireacht, iascaireacht agus foraoiseacht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn;
- Scéimeanna agus seirbhísí a sheachadadh go héifeachtach agus go héifeachtúil, a sholáthraíonn seirbhís ar ardchaighdeán dár gcuid cliant go léir.

Tá an Roinn, a bunaíodh sa bhliain 1900 tar éis achtú an Achta Talmhaíochta agus Ceardoideachais (Éireann) 1899, ar an Roinn is sine sa Stát. Tugadh an Roinn Tailte agus Talmhaíochta ar an Roinn faoi alt 1(vi) den Acht um Airí agus Rúnaithe 1924, a rinne foráil freisin go mbeadh Coimisiún Talún na hÉireann (a bunaíodh faoin Acht Talmhan (Éireann) 1881) faoi théarmaí tagartha an Aire. Is iomaí athrú atá déanta ar ainm na Roinne ó shin i leith ach coinnítear an tagairt don Talmhaíocht i gcónaí.

Luachanna, Iompar agus Cultúr

Tacaíonn agus cuireann an Roinn chun cinn:

- Éiteas seirbhíse poiblí atá fréamhaithe go daingean sa neamhspleáchas, san ionracas, sa neamhchlaontacht, sa chomhionannas, sa chothroime agus meas;
- Cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead;

- Na caighdeáin is airde gairmiúlachta, ceannaireachta agus déine.

Ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú rathúil an Ráitis Straitéise agus na spriocanna, áirítear ar éiteas na Roinne, timpeallacht oibre dearfach a fhorbairt, áit ina bhfaigheann gach comhalta foirne tacaíocht ó thaobh forbairt a dhéanamh ar a lán-acmhainneacht chun cur le Roinn atá fuinniúil, áit a mbíonn rath ar bharr feabhais agus ar tháirgiúlacht.

Tá na luachanna croíláir a bhfuil an Roinn tiomanta dóibh ag teacht leis na caighdeáin atá leagtha amach i gCód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompair, sa Chód Eitice agus i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse. Cuirtear na luachanna in iúl do bhainisteoirí agus don fhoireann agus táthar ag súil go gcuirfidh siadsan eolas ar na cóid, ar na rialacha agus ar an reachtaíocht ábhartha a rialaíonn an Státseirbhís, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le rúndacht oifigiúil. Baineann na ceanglais freisin le hiarbhaill d'fhoireann na Roinne agus le Comhairleoirí Speisialta.

Tá ionracas, cothroime, meas, oscailteacht agus cuntasacht mar chuid lárnach d'éiteas na Roinne agus ag teacht le Plean Athnuachana na Státseirbhíse, spreagtar Roinn atá comhaontaithe, gairmiúil agus freagrach a chuireann an méid is fearr is féidir le hacmhainneacht na foirne go léir leis an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Tá straitéis Acmhainní Daonna i bhfeidhm a chumhdaíonn na luachanna seo inár gcultúr corparáideach agus a leanann le beartais atá sainithe go soiléir d'fhorbairt na foirne go léir a chur chun cinn.

Tá socruithe i bhfeidhm ag an Roinn chun tacú le feasacht na foirne maidir leis an méid seo a leanas:

Cód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar

Is gné thábhachtach den chreat foriomlán atá i gCód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar, atá foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (www.sipo.gov.ie), a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh gach státseirbhíseach laistigh de. Leagtar amach i gCód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar, na caighdeáin a éilítear ó státseirbhísigh agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas.

Cuireann an Roinn feasacht ar an gCód i measc na foirne chun cinn trína:

- Chinntiú go bhfaigheann gach comhalta foirne nua a earcaítear cóip den Chód lena bpacáiste ionduchtúcháin;
- Scaiptear teachtaireacht bhliantúil ar an fhoireann go léir ón Ard-Rúnaí maidir le hiompar gnó sa Roinn, a dhíríonn ar chúrsaí ar nós an Chóid, freagrachtaí faoina hAchtanna um Eitic 1995 & 2001 agus Coimhlint Leasa;
- Chinntiú go mbíonn an Cód inrochtana don fhoireann i gcónaí trí 'eZone' inlín na Roinne.

Ag Bainistiú Coimhlint Leasa

Éilítear ar chomhaltaí foirne nua, mar chuid den phróiseas ionduchtúcháin, an t-ábhar ábhartha a bhaineann le Cód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar a léamh. Ní mór dearbhuithe ábhartha a shíniú agus iad a sheoladh ar ais chuig an Rannóg Acmhainní Daonna le taifeadadh a dhéanamh orthu. Tá sé de cheangal ar an fhoireann go léir foirmeacha maidir le Coimhlint Leasa atá sínithe a sheoladh ar ais ar bhonn bliantúil. Sa bhreis air sin, tá sé de cheangal ar an fhoireann ar leibhéal níos airde dearbhuithe maidir leis an gCód Eitice in Oifigí Poiblí a sheoladh ar ais. Scaipeann an Rannóg Acmhainní Daonna na fógraí agus na ciorcláin ábhartha freisin trí ríomhphost ar an fhoireann go léir ar bhonn leanúnach. Tá an Roinn ag cur socrúithe feabhsaithe i bhfeidhm chun cur le feasacht agus tacú le comhlíontacht maidir leis na hoibleagáidí seo.

Tá misean atá sainithe go soiléir agus téarmaí tagartha leathana ag an Roinn seo a chlúdaíonn raon leathan saincheistanna eacnamaíochta, sóisialta, sláinte phoiblí agus comhshaoil a cheanglaíonn ar an Roinn feidhmiú mar bholscaire agus mar rialtóir na n-earnálacha agraibhia, foraoiseachta agus muirí. Déanann na Foirmeacha Dearbhaithe foráil do choimhlint leasa a d'fhéadfadh a bheith ann agus atá le bainistiú go réamhghníomhach ag an mbainistíocht líne. Ba chóir d'aon oifigeach a mhothaíonn idir dhá chomhairle le linn dó/di a bheith ag déanamh cinneadh a éilíonn cothromú ó thaobh leasa difriúla a eascraíonn ó shainordú na Roinne, an t-ábhar a chur faoi bhráid an bhainisteora líne.

Reachtaíocht maidir le Rúin Oifigiúla

Áirítear i gCód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar, tagairt d'oibleagáidí na foirne faoi reachtaíocht maidir le Rúin Oifigiúla.

Cuireann an Roinn feasacht ar oibleagáidí na foirne faoi reachtaíocht maidir le Rúin Oifigiúla chun cinn trína:

- Chinntiú go bhfaigheann gach comhalta foirne nua a earcaítear cóip den Chód lena bpacáiste ionduchtúcháin;
- Chinntiú go síníonn gach comhalta foirne nua a earcaítear an dearbhú maidir leis an Acht um Rúin Oifigiúla agus go seolann siad an dearbhú ar aghaidh chuig a mbainisteoir líne, déanann an bainisteoir líne an fhoirm a sheoladh ar aghaidh chuig an Rannóg Acmhainní Daonna ansin;
- Chinntiú go bhfuil tagairt i ngach Conradh d'oibleagáidí na foirne faoin Acht um Rúin Oifigiúla agus go gcoimeádann an Rannóg Acmhainní Daonna cóip de na conarthaí atá sínithe;
- Chinntiú go dtagraíonn doiciméadacht na Rannóige Acmhainní Daonna don fhoireann go léir – tá foireann na Roinne agus Conraitheoirí araon faoi cheangal ag reachtaíocht an Achta um Rúin Oifigiúla.

Nós Imeachta maidir le Gearáin ó Chustaiméirí

Tá Nós Imeachta foirmiúil maidir le Gearáin ó Chustaiméirí i bhfeidhm ag an Roinn chun gearáin maidir le seachadadh seirbhíse agus tiomantais a fhreagairt. Is féidir le custaiméirí, sa chás iad a bheith míshásta le caighdeán na seirbhíse a cuireadh ar fáil dóibh agus sa chás nach féidir an tsaincheist a réiteach go sásúil leis an gcomhalta foirne lena bhfuil siad ag déileáil agus ina dhiaidh sin leis an Oifigeach Sinsearach atá i gceannas na rannóige, gearán foirmiúil a dhéanamh leis an Aonad Cáilíochta Seirbhíse.

Déileálfar le gach gearán go pras agus ar bhealach atá oibiachtúil agus cúirtéiseach. Má dhéanaimid botún nó má theipeann orainn an caighdeán seirbhíse a bhfuiltear ag súil leis a chur ar fáil, déanfaimid ár leithscéal a ghabháil agus déanfaimid iarracht an cás a réiteach gan mhoill.

Déanfar na gearáin go léir a logáil nuair a thagann siad isteach agus cuirfear admháil ar fáil maidir leo laistigh de 3 lá oibre. Sa chás gur indéanta, déileálfar leis an ngearán laistigh de 20 lá oibre. Cuirfidh an tAonad Cáilíochta Seirbhíse an gearánach ar an eolas sa chás gá a bheith le tuilleadh taighde leis an ngearán a fhreagairt go hiomlán.

Moltar do chustaiméirí, sa chás go mothaíonn siad gur caitheadh go míchothrom leo nó nach bhfuil siad sásta le cinneadh an Aonaid Cáilíochta Seirbhíse maidir lena ngearán, gur féidir leo teagmháil a dhéanamh le hOifig an Ombudsman. Moltar dóibh, de réir an dlí, gur féidir leis an Ombudsman

gearáin a imscrúdú maidir le ceachtar dár ngníomhartha nó nósanna imeachta riaracháin chomh maith le haon mhoill nó neamhghníomhaíocht agus go gcuireann an tOmbudsman seirbhís réitithe díospóide ar fáil atá saor in aisce, neamhchlaonta agus neamhspleách. Cuirtear mionsonraí teagmhála an Ombudsman ar fáil don chustaiméir.

Feidhmítear nósanna imeachta ar leith maidir le cinntí faoi iarratais na scéime. Féadfaidh iarratasóir scéime atá fós míshásta le cinneadh na Roinne maidir le scéimeanna ainmnithe áirithe atá liostaithe sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001, achomharc a dhéanamh maidir leis an gcinneadh chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta. Is gníomhaireacht reachtúil neamhspleách atá san Oifig Achomhairc Talmhaíochta a chuireann seirbhís achomhairc atá saor in aisce agus neamhchlaonta ar fáil d'iarratasóirí scéime den sórt sin.

Beartas na Nochtuithe Cosanta

Tá Beartas agus Nós Imeachta Nochtuithe Cosanta i bhfeidhm ag an Roinn trínar féidir le hoibrí ar bith sa Roinn údar inní maidir le héagóir a d'fhéadfadh a bheith ann a thuairisciú d'fhaighteoir rúnda. Chun éascú a dhéanamh d'oibritheoirí nach bhfuil compordach tuairisciú d'fhaighteoir rúnda inmheánach, tá soláthróir seirbhíse neamhspleách fostaithe ag an Roinn chun feidhmiú mar fhaighteoir rúnda neamhspleách thar a ceann freisin. Tá an beartas curtha suas ag an Roinn ar a eZone inmheánach chomh maith le cóip den reachtaíocht rialaithe agus de dhoiciméad achoimre ina bhfuil aon leathanach amháin atá sothuigte. Chomh maith leis sin, tá an Roinn bainteach le feachtas fógraíochta póstaer ar mhaithe le feachtas maidir le beartas agus nósanna imeachta na Roinne a chruthú i measc na n-oibrithe.

Gearáin a Bhaineann le hObair:

- ***Cumarsáid***

Tá cumarsáid éifeachtach mar phríomhghné i gcur le agus le cothabháil a dhéanamh ar chaidreamh oibre atá láidir, le cumas ceannaireachta a fhorbairt agus le háit oibre atá dearfach a chruthú don fhoireann go léir. Bíonn bainisteoirí i gcumarsáid leis an fhoireann maidir le feidhmíocht ar bhonn leanúnach agus cruthaítear cultúr cumarsáide agus aiseolais ina réimse. Sa chás go n-eascaíonn gearáin a bhaineann le hobair, déileáiltear leo go neamhfhoirmiúil ag leibhéal áitiúil i dtús báire. Sa chás nach féidir an tsaincheist a bhaineann le hobair a réiteach go neamhfhoirmiúil, déileáiltear leis ansin mar chuid den PMDS agus/nó den phróiseas "Aiseolas Suas".

- **Gnás Casaoide**

Sainmhínítear nósanna imeachta sa Státseirbhís chun déileáil le fadhbanna casaoide sa nGnás Casaoide (*Ciorclán 11/01 Nós imeachta leasaithe chun déileáil le fadhbanna casaoide*). Is ionann an Gnás Casaoide agus próiseas lena ndéantar iarracht déileáil ar bhealach cothrom, pras agus neamhchlaonta le gearáin ó chomhaltaí foirne aonair a thagann laistigh de scóip an nóis imeachta, ach nach bhfuil cuí le plé faoin Scéim Réitithe agus Eadrána.

- **Dínit san Áit Oibre**

Tá sé mar aidhm leis an mbeartas seo meas, dínit, sábháilteacht agus comhionannas a chur chun cinn san áit oibre agus leagtar amach sa bheartas seo na nósanna imeachta a mholtar agus ba chóir do gach páirtí a leanúint lena mbaineann na gearáin maidir le bulaíocht, ciapadh agus ciapadh gnéis.

- **Seirbhís Chúnamh d'Fhostaithe na Státseirbhíse (CSEAS)**

Cuireann an CSEAS raon leathan tacaíochtaí atá saor in aisce ar fáil do gach státseirbhíseach, lena n-áirítear bainisteoirí líne, tá na tacaíochtaí leagtha amach chun cuidiú le fostaithe ó thaobh bainistiú a dhéanamh ar dheacrachtaí a bhaineann le hobair agus leis an saol, a d'fhéadfadh, mura dtugtar aird orthu, drochthionchar a bheith acu ar fheidhmíocht ó thaobh oibre agus/nó ar fhreastal agus/nó ar chaighdeán saoil.

- **Idirghabháil**

Tá idirghabháil mar phróiseas atá ar fáil don fhoireann, trína mbuaileann idirghabhálaí comhaontaithe, neamhchlaonta agus cáilithe go cuí leis an dá pháirtí chun iarracht a dhéanamh cúnamh a thabhairt dóibh leis an díospóid, gearán nó saincheist a réiteach.

Struchtúir Eagraíochta

Creat Sannacháin

Tá an Eagraghram is deireanaí de chuid na Roinne le fáil in Aguisín 1 agus is féidir leagan a thugtar cothrom le dáta go rialta a fháil ag an [nasc](#) seo. Tá na mionsonraí curtha isteach ag an Roinn maidir leis na freagrachtaí atá sannta ar gach comhalta de chuid an Bhoird Bainistíochta agus ar Cheannairí Rannáin ar [whodoeswhat.gov.ie](#) atá á óstáil ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tugtar an fhaisnéis cothrom le dáta ar bhonn rialta.

Pleanáil Straitéiseach, Cinnteoireacht & Bainistíocht Feidhmíochta

Cuireann Clár an Rialtais faisnéis ar fáil do Ráiteas Straitéise na Roinne ina leagtar amach tosaíochtaí ardleibhéil atá comhaontaithe ag an Aire. Chun soiléireacht a thabhairt chuig ról agus freagrachtaí ag leibhéal rannáin, tá creat pleanála gnó ag an Roinn atá á bhainistiú, ag fáil tacaíocht ó agus atá á threorú ag comhaltaí aonair an Bhoird Bainistíochta agus á stiúradh ag gach Ceannaire Rannáin (Príomhoifigeach nó grád comhionann). Cuirtear freagrachtaí in iúl ag leibhéal comhalta foirne aonair trí chóras pleananna gnó rannáin agus tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS). Tuairiscíonn gach Ceannaire Rannáin do chomhalta aonair den Bhoird Bainistíochta agus tuairiscíonn an duine sin don Ard-Rúnaí.

Is ionann Food Wise 2025 agus plean straitéiseach d'earnáil agraibhia na hÉireann suas go dtí an bhliain 2025. Leagtar amach i Food Wise 2025 fíis don tionscal chun leanúint le fás inbhuanaithe agus aithnítear an tábhacht straitéiseach a bhaineann le margadh sonrach agus le léargas tomhaltóra sonrach má tá deiseanna ar bhonn domhanda atá ag teacht chun cinn le baint amach sna deich mbliana atá amach romhainn. Aithnítear i Food Wise 2025 bealaí níos cliste agus níos glaise le fás inbhuanaithe a chur ar fáil agus moltar gníomhartha chun an tacaíocht is fearr a thabhairt d'fhorbairt na hearnála. Aithnítear i Food Wise 2025 na deiseanna, na dúshláin, na buntáistí agus na srianta atá amach romhainn agus beartaítear straitéis cumasaithe a cheadaíodh don earnáil fás agus rath a bheith uirthi. Áirítear i Food Wise 2025 níos mó ná 400 moladh aonair, atá scaipthe ar fud téamaí leathana nuálaíochta, caipiteal daonna, forbairt margaidh, inbhuanaitheacht agus iomaíochas a bhfuil tionchar acu ar earnáil agraibhia na hÉireann.

Tá cur i bhfeidhm Food Wise á thiomáint ag Coiste Cur Chun Feidhme Ardleibhéil (HLIC), atá faoi chathaoirleacht an Aire agus le rannpháirtíocht ó chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta, Ranna Rialtais eile agus gníomhaireachtaí Stáit ábhartha. Bíonn cruinnithe ag an HLIC uair sa ráithe le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn téamaí leathana Food Wise ó thaobh na nuálaíochta, caipiteal daonna, forbairt margaidh, inbhuanaitheacht agus iomaíochas chomh maith le gníomhartha earnála. Tá Fochoiste Inbhuanaitheachta Comhshaoil de chuid an HLIC bunaithe le monatóireacht agus tiomáint a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha inbhuanaitheachta. Tá na bearta agraibhia agus muirí atá i bPlean Gníomhaíochta do Phoist na bliana 2018 ag teacht le Food Wise. Cruthaíonn an straitéis earnála a leagtar amach i Food Wise an beartas comhshaoil do Ráiteas Straitéise 2016 go 2019 na Roinne.

Ba chóir a thabhairt ar aird go bhfuil an Roinn ag cur socruithe i bhfeidhm i gcomhairle le páirtithe leasmhara chun Ráiteas Straitéise nua agus comharba do Straitéis Food Wise a fhorbairt.

Cuirtear tús leis an bpróiseas pleanála gnó gach aon bhliain i mí na Nollag tráth a ndéanann an tArd-Rúnaí agus an Bord Bainistíochta tosaíochtaí agus treoshuímh straitéiseacha don bhliain dár gcionn a chur le chéile. Cuireann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta príomhnithe insroichte agus achair ama réamh-measta ar fáil dá réimsí gnó tar éis dul i gcomhairle lena gCeannairí Rannáin (HOD). Déanann an Bord Bainistíochta plé ar na tosaíochtaí seo go luath i mí Eanáir chun réamhléiriú a dhéanamh ar an mbliain dár gcionn agus comhaontaítear leis an Aire iad. Dréachtaíonn Ceannairí Rannáin (HOD) pleananna gnó trí phróiseas comhairliúcháin foirmiúil leis an fhoireann ina réimse/réimsí. Comhaontaítear na dréachtphleananna gnó ansin agus síníonn comhaltaí aonair den Bhord Bainistíochta iad. Déanann na Ceannairí Rannáin (HOD) monatóireacht ar dhul chun cinn na bpleananna gnó leis na bainisteoirí líne ar bhonn leanúnach ar feadh na bliana trí athbhreithniú foirmiúla lár bliana agus ag deireadh bliana chomh maith le cruinnithe rialta leis an fhoireann. Chomh maith leis sin, déanann an Rannán Eacnamaíochta agus Pleanála comhordú agus cuireann siad tuarascálacha bainistíochta ráithiúla ó rannáin maidir le dul chun cinn an phlean gnó i dtoll a chéile.

Cumarsáid Inmheánach

Eagraíocht ilghnéitheach is ea an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le os cionn 3,300 comhalta foirne atá lonnaithe in iliomad láithreacha ar fud na tíre ó Ráth Bhoth go Loch Garman agus ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath.

Dá bhrí sin, tá Cumarsáid Éifeachtach leis an fhoireann rithábachtach agus is iomaí cineál cumarsáide atá ann. Tugtar forléargas sa mhéid seo a leanas.

An tArd-Rúnaí agus an Bord Bainistíochta

Leagtar síos feidhmeanna reachtúla an Ard-Rúnaí san Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997. Cé go bhfuil ceanncheathrú na Roinne Ionannithe san Áras Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath, bíonn an tArd-Rúnaí i gcumarsáid ar bhonn rialta i líon bealaí, lena n-áirítear, cuairt a thabhairt ar oifigí na Roinne ar fud na tíre, cruinnithe agus teagmháil leis an fhoireann sna láithreacha seo. Bíonn an tArd-Rúnaí i gcumarsáid ar bhonn rialta freisin leis an fhoireann ar fud na roinne níos leithne trí ríomhphost lena dtabhairt suas chun dáta maidir leis an dul chun cinn agus ó thaobh ábhair a bhfuil tionchar acu ar an Roinn iomlán, m.sh. mórthionscnaimh beartais, tionscadail, cúrsaí a bhaineann le Plean Athnuachana na Státseirbhíse, srl.

Chomh maith leis an Ard-Rúnaí tá 12 comhalta ar an mBord Bainistíochta agus tá líon acu sin lonnaithe i láithreacha lasmuigh den Cheanncheathrú. Tá an Ceannaire Saotharlainne lonnaithe i gCampas Bhacastúin i Saotharlann na Roinne i gCill Droichid, Co. Chill Dara. Tá an tArd-Rúnaí Cúnta, atá freagrach as lascaigh Mhara, lonnaithe in Oifig na Roinne, Cloch na Coillte, Contae Chorcaí. Tá an tArd-Rúnaí Cúnta atá freagrach as Íocaíochtaí Díreacha lonnaithe in Oifig na Roinne i bPort Laoise, Contae Laoise agus tá an tArd-Rúnaí Cúnta, atá freagrach as scéimeanna Foraoiseachta agus Piléar 11 CAP lonnaithe in Oifig na Roinne i gCaisleán Bhaile Sheáin, Contae Loch Garman. Tugann comhaltaí eile an Bhoird Bainistíochta cuairt ar na hoifigí agus buaileann siad leis an fhoireann atá lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ar bhonn rialta. Sa bhreis air sin, bíonn cruinnithe tréimhsiúla ag an mBord in Oifigí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) ar fud na tíre.

Cuirtear miontuairiscí cruinnithe an Bhoird Bainistíochta ar Inlíon na Roinne. Tugann Comhaltaí an Bhoird gearrchuntas do Cheannairí Rannáin freisin (Príomhoifigí agus gráid chomhionanna) tar éis na gcruinnithe.

Athbhreithnithe/Tionscadail/Straitéisí

Bíonn an Roinn i dteagmháil le agus déanann iarracht ionchur a fháil ón fhoireann go léir maidir le cúrsaí a bhfuil tionchar díreach acu orthu, lena n-áirítear, Athbhreithnithe Eagraíochtúla, Straitéis Acmhainní Daonna, tionscadail ISO, srl. Déantar teagmháil ar líon bealaí, lena n-áirítear, freastal ar cheardlanna, seisiúin fhaisnéise, ceistneoirí a chomhlánú, cumarsáid ríomhphoist, srl.

Comhdhálacha/Seimineáir

Reáchtálann an Roinn dhá Sheimineár Ceannaire Rannáin (Príomhoifigeach agus gráid chomhionanna) gach aon bhliain, ar an bhfreastalaíonn an tArd-Rúnaí agus comhaltaí an Bhoird Bainistíochta. Cuireann na Seimineáir deis líonraithe agus deis ar fáil don bhainistíocht ag na leibhéal is sinsearaí a bheith rannpháirteach i saincheisteanna reatha agus forbairtí amach anseo a bhreithniú a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an Roinn agus ar an earnáil agraibhia níos leithne. Chomh maith leis sin, eagraíonn an Roinn seimineáir don fhoireann/cruinnithe i halla an bhaile de réir mar is gá, ach uair sa bhliain de ghnáth. Éascaíonn agus spreagann an Roinn freastal na foirne freisin i halla an bhaile (DPER) atá eagraithe ar bhonn lárnach maidir le feidhmiú Plean Athnuachana na Státseirbhíse.

Oiliúint/Cúrsaí

Tá Aonad Foghlama agus Forbartha (LDU) tiomanta ag an Roinn a oibríonn go dlúth leis na Rannáin Líne chun riachtanais oiliúna agus forbartha na foirne a aithint. Déanann oiliunóirí LDU roinnt cúrsaí a sheachadadh agus faightear roinnt cúrsaí eile ó soláthróirí seirbhíse seachtracha nó ó *OneLearning* (Seirbhís Comhroinnte Foghlama agus Forbartha), ag brath ar riachtanais shonracha. Mar chuid dá chúram, eagraíonn an LDU Cúrsaí Ionduchtúcháin do chomhaltaí foirne nua freisin agus éascaíonn Forbairt Leanúnach Pearsanta agus Gairmiúil don fhoireann go léir ar fud gach grád, mar chuid dá dtiomantas d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Foilseacháin

Cuireann an Roinn líon foilseacháin ar fáil atá dírithe ar fhaisnéis a chur ar fáil maidir leis an Roinn, scéimeanna, seirbhísí agus beartais na Roinne srl. Tá na foilseacháin go léir ar fáil don fhoireann tríd an Inlín (eZone). Cuireann an Rannán Acmhainní Daonna nuachtlitir ráithiúil ar fáil atá dírithe ar an fhoireann go léir a choinneáil cothrom le dáta maidir le cúrsaí Acmhainní Daonna. Chomh maith leis sin cuireann Preasoifig na Roinne seirbhís mhonatóireachta meáin ar fáil, trína gcuirtear clúdach ábhartha go léir na meáin atá ábhartha don Roinn agus don earnáil agraibhia ar fáil don fhoireann ar eZone gach aon mhaidin.

Ábhar Faisnéise

Tá ábhar faisnéise a chlúdaíonn réimsí/saincheisteanna leathana ar fud na Roinne ar fáil don fhoireann, m.sh. seisiúin eolais don fhoireann Aireachta nua.

Uirlisí Cumarsáide

Baineann an Roinn leas as líon uirlisí cumarsáide, lena n-áirítear, ríomhphost, teileafón, glaonna comhdhála, físchomhdháil, fógraí san oifig, feachtas póstaer, iontráil oscailte, cruinnithe, srl. Tá Cairt Eagraíochta ag an Roinn ar a eZone freisin agus éilítear ar gach comhalta foirne a mionsonraí teagmhála a thaifeadadh sa leabhar teileafóin inmheánach le cumarsáid inmheánach a éascú. Is féidir leis an fhoireann go léir a bheith san áireamh i scaipeadh preasráitis freisin.

Comhairle Rannach

Bíonn cruinnithe ag an Rannán Acmhainní Daonna le cumainn fhoirne a dhéanann ionadaíocht ar na gráid dhifriúla trí phróiseas Comhairle Rannach le plé agus réiteach a dhéanamh ar aon saincheisteanna maidir le Caidreamh Tionsclaíoch a d'fhéadfadh eascirt.

Comhpháirtíocht

Rinneadh an próiseas Comhpháirtíochta a athsheoladh in Aibreán/Bealtaine na bliana 2018 chun cuidiú le borradh a chur faoi chumarsáid ar fud na heagraíochta. Tá Coistí Comhpháirtíochta Áitiúla atá thar a bheith éifeachtach ag feidhmiú i bpríomhláithreacha na Roinne, ag cur fóram ar fáil do dhíospóireacht ar shaincheisteanna áitiúla neamh-IR. Tá ionadaíocht á dhéanamh ar Choistí Comhpháirtíochta Áitiúla ar an gCoiste Comhpháirtíochta Láir a bhíonn rannpháirteach leis an Rannán Acmhainní Daonna agus le Rannáin ábhartha eile le faisnéis a mhalartú agus le sárchleachtas a phlé ar fud raon réimsí comhleasa atá ábhartha don Chomhpháirtíocht. Cuirfear Struchtúir Chomhpháirtíochta Réigiúnacha nua i bhfeidhm freisin leis na hoifigí nach bhfuil san áireamh sna socruithe comhpháirtíochta áitiúla a chuimsiú.

Sóisialta

Tá Coiste Treorach Folláine bunaithe ag an Roinn le maoirseacht agus spreagadh a dhéanamh ar thionscnaimh a chuireann le feachtas ar shláinte agus ar fholláine do gach fostaí agus a chuireann eolas agus deiseanna ar fáil d'fhostaithe le hathrú iompair agus folláine a spreagadh.

Oibríonn an Coiste agus tacaíonn le go leor clubanna agus líonraí sóisialta seanbhunaithe i láithreacha éagsúla a eagraíonn imeachtaí thart ar thurais shóisialta, clubanna leabhar, cumainn ghailf, fánaíocht/siúlóid agus gníomhaíochtaí atá bunaithe ar mhachnamhacht ar nós ranganna ióga agus pilates.

Tá a Cór féin ag an Roinn freisin a bhíonn ag cleachtadh ar bhonn rialta agus a thugann taispeántas ag tionóil/imeachtaí ar feadh na bliana, lena n-áirítear, Seirbhís Charúil Nollaig, imeachtaí scoir, Aifrínn Chuimhneacháin agus imeachtaí speisialta.

Foilsítear *DAFMag*, iris na foirne, faoi dhó sa bhliain agus tá an iris déanta suas go hiomláin d'ábhar ón fhoireann.

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara Seachtracha

Tá an Roinn thar a bheith réamhghníomhach ó thaobh a rannpháirtíocht lena páirtithe leasmhara seachtracha le forbairt eacnamaíochta na n-earnálacha agraibhia, foraoiseachta agus muirí a chur chun cinn. Mar gheall ar thábhacht eacnamaíochta na n-earnálacha seo don tír, tá an Roinn thar a bheith bainteach agus ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir – Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí stáit, táirgeoirí, comhlachtaí agus lucht próiseála agraibhia – le greim a fháil ar a bhfuil le rá agus le tabhairt acu. Is ionann an acmhainneacht atá ag na hearnálacha seo le poist a chruthú, cur le honnmhairithe, táirgeadh inbhuanaithe a fheabhsú, a bheith nuálacha agus táirgí nua a fhorbairt agus fás geilleagrach a thabhairt chuig gach cuid den tír, agus deis thar na bearta don tír seo, deis a bheidh in ann cur le folláine na tíre go heaspóntúil. Ar mhaithe leis an acmhainneacht seo a bhaint amach, admhaíonn an Roinn cion ríthábhachtach a cuid páirtithe leasmhara seachtracha agus tá an Roinn thar a bheith oscailte ó thaobh rannpháirtíocht leo lenár gcomhspríoc eacnamaíochta agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

Tugtar breac chuntas ar raon leathan rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara ar thug an Roinn fúthu sna samplaí seo a leanas:

- Comhairliúchán Food Wise 2025, Grúpa Cur Chun Feidhme Ardleibhéil agus Fochoiste Inbhuanaitheachta Comhshaoil;
- An Clár Forbartha Tuaithe (RDP) 2014 – 2020 Comhairliúchán Poiblí;
- Láithreach ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta;
- An Fóram Déiríochta;
- Cruinniú Comhchéime Mairteola;
- Ríomhsheirbhísí an Rialtais/Seirbhísí Digiteacha le hardchaighdeán seirbhísí ar líne a chur ar fáil;
- Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, m.sh. an Coimisiún Eorpach, Clár Bia Domhanda NA, an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta NA;

- Grúpa Comhairleach Míosúil Bainistíochta Cuótaí Iascaireachta;
- Grúpa Idirchaidreamh Iascaigh Mhara;
- Clár Forbartha Bia Mara;
- Fóram Náisiúnta Iascaireachta Cladaigh;
- Ataiséanna Talmhaíochta agus Iascaireacht sa Bhruiséil agus i bpríomhláithreacha eile ar fud an domhain;
- Coiste Comhairleach Breatimeachta;
- Fóram TB 2030;
- Grúpa Idirghníomhaireachta Fodair;
- Coiste Comhairleach Páirtithe Leasmhara maidir leis an mBreatimeacht.

Bíonn fóraim eile de chuid na Roinne rannpháirteach ar bhonn leanúnach le saoránaigh/páirtithe leasmhara, lena n-áirítear, Comhairle Chomhairleach maidir le Leas Ainmhithe Feirme (FAWAC) atá faoi chathaoirleacht neamhspleách chomh maith le Coiste Feidhmiúcháin Sláinte Ainmhithe iNAP agus Grúpa Idirchaidreamh Eachaí atá araon faoi chathaoirleacht Phríomhoifigeach Tréidliachta na Roinne.

An Chairt um Chearta d’Fheirmeoirí

Comhaontaíodh an Chairt um Chearta d’Fheirmeoirí 2015-2020 tar éis cainteanna leis na heagraíochtaí feirmeoireachta. Leagtar amach spriocanna sonracha seachadta dár gcustaiméirí feirmeora agus clúdaítear na scéimeanna atá á bhfeidhmiú ag an Roinn. Leantar ar aghaidh lenár dtiomantas sa Chairt d’Fheirmeoirí i leith prionsabail Ardchaighdeán do Chustaiméirí atá leagtha amach inár gCairt Custaiméirí agus sa Phlean Gníomhaíochta. Déanann coiste athbhreithnithe atá faoi chathaoirleacht neamhspleách monatóireacht ar an dul chun cinn faoin gCairt. Bíonn ceithre chruinniú sa bhliain ag an gCoiste seo. Cuimsíonn an Coiste ionadaithe ó eagraíochtaí feirme agus foireann na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Cairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí i bhfeidhm freisin. Is ionann an Chairt Chustaiméirí seo agus ráiteas soiléir ina ndéantar cur síos ar an leibhéal seirbhíse is féidir lenár gcustaiméirí a bheith ag súil leis ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Déantar cur síos go mion sa Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí a leanann an Chairt Custaiméirí seo, ar an mbealach ina ndéanfar

na tiomantais agus na caighdeáin atá leagtha amach inár gCairt Custaiméirí agus i bhfeabhsúcháin seirbhíse custaiméirí eile, a sheachadadh agus an bealach ina ndéanfaidh an Roinn meastóireacht orthu.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chreata Rialachais

Déanfar athbhreithniú ar an doiciméad seo gach dá bhliain lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm ionas go ndéanfaidh an Roinn cothabháil ar chreat rialachais éifeachtúil.

Prionsabal Rialachais – Cuidíonn an dea-rialachas le tosaíochtaí agus torthaí a shainiú i dtéarmaí tairbhe inbhuanaithe eacnamaíochta agus sóisialta agus cinntí a dhéanamh faoi na beartais agus idirghabhálacha atá riachtanach leis an leas is fearr is féidir a bhaint as na torthaí agus as na tosaíochtaí sin. Ciallaíonn sé sár-chleachtais a chur i bhfeidhm sa trédhearcacht, sa tuairisciú, sa chumarsáid, san iniúchóireacht agus sa ghrinnscrúdú chun cuntasacht éifeachtach a sheachadadh.

Aire

Leagtar amach Ról an Aire sna hAchtanna um Airí agus Rúnaithe 1924 go 2013, in alt 4 den Acht Talmhaíochta 1931 agus in alt 3 Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997. Tá freagracht pholaitiúil ar an Aire as gníomhartha na Roinne, mar sin féin, faoi phrionsabal dlíthiúil Carltona, is féidir le hoifigigh leis na scileanna, inniúlachtaí agus stádas cuí cumhachtaí Aireachta a chleachtadh freisin.

Caidreamh leis an Aire

Tá freagracht pholaitiúil ar an Aire as an Roinn agus déanann an tArd-Rúnaí an Roinn a bhainistiú. Leagan an tAire straitéis na Roinne amach, déanann cinntí polaitiúil agus tá an tAire freagrach os comhair an Oireachtais agus go poiblí as na gníomhartha seo. Tá cuntasacht ar leith agus cuntasacht dhíreach ar an Ard-Rúnaí don Oireachtas maidir le bainistíocht a dhéanamh ar chaiteachas na Roinne. Tá breac-chuntas tugtha ar na feidhmeanna seo san Alt a bhaineann le freagrachtaí **Ard-Rúnaí agus Oifigeach Cuntasaíochta** thíos.

Ar a ceapadh/ar a cheapadh, bíonn cruinniú ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara leis an Ard-Rúnaí agus leis an Ardbhainistíocht. Tugtar cuntas cuimsitheach i scríbhinn maidir leis an Roinn don Aire. Tugann an cuntas –

- Breac-chuntas ar an Roinn agus ar an Earnáil Agraibhia
- Aghaidh ar Shaincheisteanna Reatha
- Breac-chuntas ar ról/freagrachtaí gach aon Rannán de chuid na Roinne.

Bíonn cruinnithe rialta ag an Aire agus ag an Ard-Rúnaí/an Ardbhainistíocht le beartais/straitéis/tosaíochtaí/cur i bhfeidhm beartais/scéimeanna na Roinne a phlé.

Déanann grúpa athbhreithnithe feidhmíochta Bhord Cuntasachta na Státseirbhíse maoirseacht ar phróiseas athbhreithnithe feidhmíochta Ard-Rúnaithe. Is próiseas trí chéim atá i gceist leis seo, lena mbaineann cruinnithe ag gach Ard-Rúnaí lena gcuid Airí ag tús na bliana le cuspóirí tosaíochta a chomhaontú don bhliain dár gcionn, a chuirfear faoi bhráid an Rialtais lena gceadú. Tagann siad le

chéile le hathbheithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i lár na bliana agus ath-thosaíocht a dhéanamh ar chuspóirí de réir mar is gá. Déanann grúpa athbheithnithe feidhmíochta Bhord Cuntasachta na Státseirbhíse athbheithniú foirmiúil ar fheidhmíocht Ard-Rúnaithe ag deireadh na bliana le hionchur óna hAí.

Taifeadadh a dhéanamh ar Chinntí Aireachta

Tá comhaontú an Aire riachtanach sa chás é a bheith ceangailte go sainráite de réir reachta, nó sa chás saincheisteanna suntasacha beartais nó straitéise a bheith i gceist. Tá sé stuama freisin an tAire a choinneáil ar an eolas maidir le cúrsaí polaitiúil nó íogaire oibríochta. Déantar feidhmeanna a tharmligean do na hAí Stáit trí reachtaíocht thánaisteach.

Sa chás cinneadh an Aire/Aire Stáit a bheith riachtanach, tá an próiseas foirmiúil mar a leanas. Seoltar aighneacht ina dtugtar breac-chuntas ar an moladh agus ar an gcinneadh atá riachtanach chuig an Aire tríd an Ard-Rúnaí. Nuair a dhéantar an cinneadh foirmiúil, déantar taifeadadh ar chomhaontú an Aire.

Tá córas leictreonach i bhfeidhm sa Roinn – Ríomhaighneachtaí, a dhéanann cuíchóiriú ar na nósanna imeachtaí le haghaidh aighneachtaí chuig oifig an Ard-Rúnaí agus chuig oifigí an Aire agus an Aire Stáit. Déanann an córas seo taifeadadh ar an doiciméadacht, moltaí, cinntí agus nótaí ábhartha maidir leis na haighneachtaí. Cuireann córas an ePQ feidhm den chineál céanna ar fáil do na PQ'nna ach éascaíonn seoladh an fhreagra freisin go díreach chuig an Oifig an PQ i dTithe an Oireachtais.

Tá an Roinn i mbun scrúdaithe ar thabhairt isteach Córas Bainistíochta Taifid leictreonach nua - eDocs. Tá sé mar aidhm le eDocs lárchóras bainistíochta taifid agus faisnéise a chur ar fáil. Beidh leagan oiriúnaithe den chóras bainistíochta comhaid atá ann cheana féin chun comhaid pháipéir a láimhsiú i bhfeidhm i gcónaí ina bhfuil gnéithe atá ina gceangal de réir dlí ar nós sínithe nó séalaí. Éascóidh an córas eDocs éifeachtúlacht níos fearr ó thaobh bainistíochta a dhéanamh ar thaifid, go háirithe maidir le haisghabháil doiciméid agus slándáil agus cuntasacht bhreise comhaid oifigiúla.

An tAire Stáit

De ghnáth, leagtar amach ról an Aire Stáit in Ordú a dhéantar faoi alt 2 den Acht um Airí agus Rúnaithe (Leasú) (Uimh. 2) 1977. Mar sin, féin, in imthosca eisceachtúla, sa chás go gcuirtear dualgas maidir le saincheist áirithe ar an Aire Stáit, feidhmítear na freagrachtaí ar bhonn Cinntí Rialtais ábhartha.

Caidreamh leis an Aire Stáit

Is mar chéile an caidreamh idir an tAire Stáit agus an Roinn agus an caidreamh idir an tAire agus an Roinn. Faigheann an tAire Stáit cuntas cuimsitheach ar a cheapadh/ar a ceapadh. Tugann oifigigh cuntas don Aire Stáit maidir leis an réimse freagrachtaí atá tarmligthe dó/di agus ar iarratas, aon réimse eile a thagann faoi théarmaí tagartha na Roinne. Freastalaíonn an tAire Stáit ar chruinnithe foirmiúla freisin idir an tAire agus an Bord Bainistíochta.

Ard-Rúnaí agus Oifigeach Cuntasaíochta

Is é/í an tArd-Rúnaí an státseirbhíseach sinsearach agus ceann neamhpholaitiúil na Roinne. Tá sé nó sí freagrach as bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil na Roinne, lena n-áirítear, freagrachtaí airgeadais áirithe, pleanáil agus treo straitéiseach neamhpholaitiúil, comhairle ó thaobh beartais a thabhairt d'Airí maidir le gach ábhar atá laistigh de chúram na Roinne, aschur agus torthaí a sheachadadh, aghaidh a thabhairt ar chúrsaí leathana lena bhfuil baint ag an Roinn, agus a bheith cuntasach os comhair Coistí Oireachtais de réir mar is gá. Leagtar síos na feidhmeanna reachtúla seo in Acht um Airí agus Rúnaithe 1924 agus in Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997.

Is é/í Ard-Rúnaí na Roinne Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne freisin. Leagtar síos ról na nOifigeach Cuntasaíochta sa 'Róil agus Freagrachtaí na nOifigeach – Meabhrán d'Oifigigh Cuntasaíochta (2011)'. Tá an tOifigeach Cuntasaíocht freagrach go pearsanta as cosaint na gcistí agus na maoine poiblí faoina rialú; as rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart uile i ngach Cuntas Leithreasa ar a bhfuil a shíniú/a síniú; agus as éifeachtacht agus barainneacht caiteachais. Tuairiscíonn an tArd-Rúnaí, mar Oifigeach Cuntasaíochta, do Choiste na gCuntas Poiblí ar ábhair airgid a bhaineann leis an Roinn. Tá an tArd-Rúnaí, i ról ar leith agus ról soiléir, mar Cheannaire freisin ar Ghníomhaireacht Íocaíochta AE, mar gurbh í an Roinn an Ghníomhaireacht Íocaíocht creidiúnaithe náisiúnta chun íocaíochtaí cistí AE a dhéanamh.

Áirítear ar phríomhchaidrimh don Ard-Rúnaí, an tAire agus an tAire Stáit, bainisteoirí agus foireann na Roinne, comhlachtaí reachtúla agus comhlachtaí eile laistigh dá chúram/dá chúram, an AE agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile, chomh maith le Ranna agus comhlachtaí poiblí eile.

Comhairleoir Speisialta don Aire

Tá sé mar phríomhról ag Comhairleoirí Speisialta daingniú cuspóirí an Rialtais a bhaint amach agus comhordú éifeachtach i bhfeidhmiú Clár an Rialtais a chinntiú. Déantar cur síos ar ról agus ar dhualgais na gComhairleoirí Speisialta in alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997. Chun taca a chur faoin obair seo agus faoi idirghníomhaíocht idir Comhairleoirí Speisialta agus an Státseirbhís bhuan, tá sé tábhachtach go mbeadh soiléireacht ann maidir leis an mbealach ina bhfeidhmíonn an Roinn chomh maith leis an mbealach ina bhfuil an Roinn in ann tacú le Comhairleoirí Speisialta lena gcuid feidhmeanna a fheidhmiú go héifeachtach.

Tá an ceapachán faoi réir ag Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go 2005, Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, an tAcht um Eitic in Oifig Phoiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001. Tíocfaidh deireadh le téarma oifige an Chomhairleora Speisialta ar an dáta a dtiocfaidh deireadh le téarma an Aire mar Aire Rialtais.

D'éisigh an Roinn Fógra Oifige inmheánach ina leagtar amach socruithe rialachais áirithe, sreabhadh faisnéise, nósanna imeachta agus córais do chinnteoireacht, socruithe riaracháin, srl., a bhfuil baint acu leis an Roinn atá ina ndíol spéis nó a bhfuil tionchar acu ar obair an Chomhairleora Speisialta. Freastalaíonn an Fógra Oifige freisin leis an fhoireann a chur ar an eolas maidir lena bhfreagrachtaí ó thaobh cloí le prótacail a bhíonn i gclár áirithe, srl., agus lena chinntiú go bhfuil tacaíocht á fháil ag na Comhairleoirí Speisialta ionas go mbeidh ar a gcumas socrú isteach go tapa ina ról.

Sannadh Ról agus Freagrachtaí na Bainistíochta Sinsearaí

Tugann Alt 4(1) agus Alt 9(2) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí an chumhacht don Ard-Rúnaí freagrachtaí a shannadh d'oifigigh eile na Roinne le linn dó/di a bheith ag comhlíonadh a cuid/a chuid feidhmeanna. Tugtar faoin nós imeachta seo de réir treoirlínte ón DPER.

Déanann an tArd-Rúnaí freagracht agus cuntasacht a shannadh don gach comhalta den Bhord Bainistíochta, faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997. Déanann na Comhaltaí Boird sannacháin de réir mar is cuí do gach Ceannaire Rannáin. Tagann na sannacháin le pleananna gnó na Roinne a léiríonn tosaíochtaí agus cuspóirí ardleibhéil na Roinne mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Tugtar aird sna sannacháin freisin ar shannadh feidhmeanna maidir le ceapacháin, feidhmíocht agus disciplín pearsanra faoi Achtanna Rialuithe na Stát-Seirbhíse 1956-2005 a dhéanann an tArd-Rúnaí ó thráth go chéile.

Déanann an Rannán Acmhainní Daonna taifeadadh ar dhearbhuíthe atá sínithe. Tugtar faoi sheiceálacha rialta lena chinntiú go bhfuil na taifid seo á gcothabháil go cuí agus go bhfuil siad cothrom le dáta. Sa bhreis air sin, tá córas bainistíochta feidhmíochta i bhfeidhm do Rúnaithe Cúnta (eLeads) chun tacú le cuntasacht ó thaobh na bhfreagrachtaí seo a sheachadadh.

Acmhainneacht/Cumas Ceannaireachta agus Eagraíochtúil

Oibríonn **Rannán Seirbhíse Bainistíochta** (MSD) na Roinne faoi threoir an Rúnaí Cúnta agus chomh maith le comhordú a dhéanamh ar fhreagra na Roinne ar athchóiriú na seirbhíse poiblí agus Athnuachan na Státseirbhíse, cuireann anailís agus comhairle ar fáil don Roinn maidir le forbairt eagraíochtúil, feabhsú an próiseas gnó, imlonnú acmhainní agus bainistiú athruithe. Is é an Rannán an 'tAonad do Sheachadadh Athruithe' don Roinn agus tacaíonn leis an mBord Bainistíochta i bhfeidhmiú tionscnaimh nuálacha agus athruithe. Tugann an MSD tacaíocht agus éascaíonn Rannáin Líne freisin i bhfeidhmiú athruithe eagraíochta agus freagraíonn tuairimí na foirne ó Shuirbhéanna Rannpháirtíochta Fostaithe na Státseirbhíse as a chéile atá ag teacht chun cinn.

Rinneadh forbairt ar Straitéis Acmhainní Daonna na Roinne i gcomhar leis an fhoireann. Tacaítear sa Straitéis le próisis atá i bhfeidhm cheana féin a neartú agus le beartais nua a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt don fhoireann laistigh den Roinn. Cruthaíonn an Straitéis an bunús freisin d'implonú éifeachtach acmhainneacht Acmhainní Daonna agus cuireann eolas ar fáil don bhealach a ndéanann an Roinn bainistíocht, spreagadh agus imlonnú ar acmhainní, chun fáil ar scil agus ar eolas a éascú agus le bheith mar bhonn taca lenár rathúlacht i seachadadh straitéis ghnó na Roinne (pleanáil fórsa saothair).

Tá eagrú déanta ag an Roinn ar an mbealach ina ndéantar seachadadh ar an Fheidhm Acmhainní Daonna. Tá daingniú déanta ar fheidhmeanna croíláir Acmhainní Daonna agus tá aonaid nua bunaithe atá ag díriú ar chur chuige straitéiseach i leith imlonnú acmhainní agus i leith soláthar saineolas sonrach sna réimsí earcaíochta, caidreamh tionsclaíoch, saincheisteanna maidir le disciplín agus feidhmíochta, tacaíocht agus forbairt foirne.

Tá an Roinn tiomanta d'áit oibre a sholáthar atá cuimsitheach agus éagsúil do gach fostaí agus sheol an Roinn beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsitheach le déanaí. Tá tionscnamh gníomhach maidir le cothromaíocht inscne i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar neamhchothroime inscne ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear, Coiste Stiúrtha maidir le Cothromaíocht Inscne agus tugann tacaíocht agus a chuireann eolas ar fáil do chur chuige na Roinne i leith Cothromaíocht Inscne. Tá Plean Gníomhaíochta an Bhoird Bainistíochta á chur i bhfeidhm i láthair na huaire agus áirítear sa Phlean, bearta le tacú le tuismitheoirí nua agus le foireann atá ag baint leasa as Saoire Mháithreachais agus as Saoire Cúraim eile. Déanann an Roinn monatóireacht ar mheadarachtaí inscne freisin chun cuidiú le bacainní i leith deiseanna gairme don fhoireann go léir a aithint. Tionóltar imeachtaí ar Laethanta Idirnáisiúnta na mBan agus na bhFear chun tacú le tionscnaimh cothromaíocht inscne.

Tá **clár ceannaireachta** i bhfeidhm freisin don ardbhainistíocht atá mar chuid de Straitéis Forbartha agus Foghlama na Roinne. Tar éis clár meantóireachta ar éirigh thar barr leis agus a tugadh chun críche in Aibreán 2015, cuireadh clár buan nua i bhfeidhm agus tá os cionn 200 comhalta foirne rannpháirteach ann faoi láthair.

Thug an Roinn faoi **chlár athbhreithnithe eagraíochtúil inmheánach** ar fud chúig réimse leathana gnó na Roinne, eadhon:

1. Tacaíocht/Íocaíocht agus Rialuithe Feirme;
2. Comhordú Straitéise agus Beartais;
3. Sábháilteacht Bia agus Sláinte agus Leas Ainmhithe/Planda;
4. Bia Mara; agus,
5. Forbairt Chorparáideach.

Dhírigh an t-athbhreithniú seo ar phríomhréimsí Straitéise, Seachadta agus Daoine laistigh den chomhthéacs scrúdú a dhéanamh ar ár gcumas agus ar a n-acmhainneacht seachadadh a dhéanamh ar shainchúram leathan na Roinne agus tá feidhmiú na ngníomhaíochtaí a eascraíonn ón athbhreithniú mar chuid den phróiseas leanúnach feabhsúcháin agus nuálaíochta.

Tugann an Rannán Eacnamaíochta agus Pleanála faoi mheastóireacht rialta ar phríomhréimsí caiteachais tríd an **gClár maidir le hAthbhreithniú ar Luach ar Airgead agus ar Chaiteachas faoin gCód Caiteachais Phoiblí**, agus téann i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn leanúnach. Roghnaítear na hábhair ar dhá bhealach: 1) tuairimí ón ardbhainistíocht 2) fócas ar réimsí ina mbíonn caiteachas suntasach. Cuirtear dréachtchlár faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta ansin lena cheadú agus ar deireadh cuirtear faoi bhráid an DPER é.

Sa bhliain 2018, bhí an Scéim Iasachta um Thacaíocht Sreabhadh Airgid i gcomhair Talmhaíochta, an Clár Géanómaíochta agus Sonraí Mairteola, an Clár Taighde maidir le hlomaíochas Talmhaíochta agus an Clár Foraoiseachta faoi réir ag Athbhreithniú Caiteachais.

Tá beartais **Cosanta Sonraí, Coimeád Sonraí agus Cartlannú** cuimsitheach i bhfeidhm ag an Roinn atá feabhsaithe agus a fhaignean tacaíocht ó threoirínite foirne cuimsitheacha.

Rialú ICT

Tá struchtúr Rialaithe ICT agus treoirínite bainistíochta tionscadail i bhfeidhm agus an Roinn, lena n-áirítear, ionchur agus comhairle ó chomhaltaí Bhord Bainistíochta na Roinne. Mar shampla, tugann an Coiste Stiúrtha IT (ITSC), tosaíocht agus ceadaíonn mórthionscadail ICT roimh ré, tá an Coiste faoi chathaoirleacht Ard-Rúnaí na Roinne.

Baineann an Roinn úsáid as modheolaíocht bainistíochta tionscadail atá doiciméadaithe go foirmiúil agus atá forbartha go hinmheánach, bunaithe ar PRINCE2, a chuirtear i bhfeidhm ar na mórthionscadail ICT go léir. Chomh maith leis sin, cuirtear tuarascáil ráithiúil ICT atá cothrom le dáta i láthair an ITSC, ina dtugtar breac-chuntas ar stádas tionscadail ICT go léir na Roinne.

Tá na tionscadail ICT go léir á mbainistiú ag boird tionscadail, cuimsíonn na boird seo ionadaithe óna taobhanna gnó agus Bainistíochta Faisnéise agus Teicneolaíochta (IMT). Tá na Boird Tionscadail do

thionscadail meánmhéide go tionscadail an-mhór faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí Cúnta ón réimse gnó chuí. Tá tionscadail aonair á mbainistiú ag bainisteoirí oilte tionscadail IMT a dhéanann cothabháil ar na doiciméid bainistíochta riosca agus pleanála cuí.

Faigheann na foirne tionscadail tacaíocht ó Oifig Bainistíochta Cláir IMT na Roinne, atá freagrach as:

- Monatóireacht a dhéanamh agus treoirínite Bainistíochta Tionscadail caighdeánaithe a chur i bhfeidhm ar fud Ghrúpa an IMT;
- Tacaíocht/comhairle bainistíochta tionscadail a sholáthar d'fhoirne tionscadail;
- Cothabháil a dhéanamh ar stór lárnach do dhoiciméid bainistíochta tionscadail gaolmhara.

Tá an Roinn ag cur lena gníomhaíocht freisin sa réimse Anailísíochta Sonraí chun cur an méid is fearr is féidir le buntáistí tacar sonraí atá ar fáil.

Slándáil Faisnéise

Tá deimhniú Slándála Faisnéise ISO 27001:2013 bainte amach ag an Roinn.

Tá Caighdeán Faisnéise ISO 27001:2013 aitheanta go hidirnáisiúnta. Tugann Slándáil Faisnéise cosaint d'fhaisnéis ó rochtain neamhúdaraíthe, úsáid, nochtadh, cur isteach, mionathrú, cigireacht, taifeadadh nó scriosadh. Tugann an deimhniú seo deis don Roinn:

- Dea-cháil na Roinne a chaomhnú maidir le slándáil faisnéise agus maidir le seasamh na Roinne i measc ceannairí tionscail;
- Cuireann cinnteacht ar fáil dár gcustaiméirí agus dár gcomhpháirtithe maidir le tiomantas na Roinne i leith cosaint sonraí;
- Cinntíonn go bhfuil an Roinn ag cloí lena ceanglais conarthacha agus reachtúla go léir; agus
- Cinntíonn go bhfuil an Roinn ag leanúint caighdeán sárchleachtas idirnáisiúnta i leith Slándáil Faisnéise.

Prionsabal Rialachais – Ciallaíonn dea-rialachas cumas na Roinne a fhorbairt, lena n-áirítear, acmhainneacht na foirne ceannaireachta, an lucht bainistíochta agus na foirne

Téarmaí Tagartha an Bhoird Bainistíochta

Feidhmeanna agus Freagrachtaí an Bhoird Bainistíochta

Tá sé mar fheidhm ag an mBord Bainistíochta tacú leis an Aire lena ról, agus comhairle a chur ar an Ard-Rúnaí ó thaobh bainistíocht fhoriomlán na Roinne. Sa chomhthéacs seo, feidhmíonn an Bord le daoine a thabhairt le chéile agus déanann iarracht ceannaireacht agus treoir straitéiseach a chur ar fáil don Roinn.

Ról Sonrach an Bhoird Bainistíochta

- **Bainistíocht Chorporáideach:** Tá an tArd-Rúnaí agus an Bord Bainistíochta freagrach as bainistíocht straitéiseach agus airgeadais na Roinne. Áirítear anseo, forbairt agus monatóireacht leanúnach ar an Ráiteas Straitéise, ar phleananna gnó bliantúla agus ar shocruithe rialachais corparáideacha foriomlána, lena n-áirítear, próisis bhainistíochta riosca agus nósanna imeachta iniúchta inmheánacha, chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar Chomhlachtaí Poiblí na Roinne mar is cuí. Déanann an Bord bainistíocht monatóireacht rialta freisin ar fheidhmíocht airgeadais na Roinne agus cuidíonn leis an Ard-Rúnaí maidir le saincheisteanna atá ábhartha dá ról mar Oifigeach Cuntasaíochta agus mar Cheannaire na Gníomhaireachta Íocaíochta AE.
- **Bainistíocht Oibríochtaí:** Tá an Bord Bainistíochta freagrach as, agus tacaíocht á thabhairt acu don Ard-Rúnaí, as feidhmíocht oibríochtaí gach gné den eagraíocht agus go háirithe, an dá réimse oibríochta is mó – tacaíochtaí feirme (íocaíochtaí agus rialuithe feirme agus foraoiseachta) agus sábháilteacht bia agus sláinte ainmhithe. Cinntíonn an Bord go bhfuil fáil aige ar an fhaisnéis bainistíochta cuí chun tabhairt faoin dualgas seo go héifeachtúil agus sárchaighdeáin oibríochta a bhfuil an Roinn dírithe air a bhaint amach.
- **Forbairt Beartais:** Cuidíonn an tArd-Rúnaí agus an Bord Bainistíochta leis an Aire ó thaobh creat beartais chuí a chur i bhfeidhm d'fhorbairt inbhuanaithe na hearnála agraibhia. Sa chomhthéacs seo déanann an Bord athbhreithniú ar bhonn rialtas ar bheartais idirnáisiúnta agus ar fhorbairtí margaidh náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta agus faigheann siad tuarascálacha óna Rannáin maidir leis na príomhshaincheisteanna.

- **Ceannaireacht:** Cinntíonn an Bord Bainistíochta go mbíonn an fhoireann go léir imlonnaithe agus bainistithe go héifeachtach agus go gcuireann an Roinn timpeallacht oibre ar fáil dóibh atá dearfach agus spreagúil.
- **Cumarsáid:** Imríonn an Bord Bainistíocht príomhról ó thaobh cumarsáid éifeachtach a chinntiú ar fud na heagraíochta agus chun cur ar chumas na foirne go léir dearcadh atá cuimsitheach agus ilghnéitheach a bheith acu d'oibríochtaí agus de sheasamh beartais na Roinne. Cinntíonn comhaltaí an Bhoird go scaiptear na príomhphointí óna bhreithniúcháin agus cinntí ar fud na Roinne.

Comhaltas an Bhoird Bainistíochta

Cuimsíonn an Bord Bainistíochta, an tArd-Rúnaí (a fheidhmíonn mar Chathaoirleach freisin), na hArd-Rúnaithe Cúnta go léir (8) (lena n-áirítear, an Príomhoifigeach Airgeadais), an Príomhoifigeach Tréidliachta, an Príomhchigire, Ceannaire Saotharlainne agus an leasPríomhoifigeach Tréidliachta/Cathaoirleach an Choiste Cothromaíochta Inscne. Cuireann an comhaltas seo raon scileanna agus taithí ar fáil don Bhord a oireann dó agus é ag comhlíonadh a chuid dualgas. D'fhéadfadh an tArd-Rúnaí athrú a chur ar Chomhaltas an Bhoird ó am go ham ar chomhairle an Bhoird.

Caidreamh leis an Aire

Tionóltar cruinnithe Bord Bainistíochta Aireachta ó am go chéile ar chinneadh ón Aire. D'fhéadfadh an tAire cinneadh a dhéanamh freastal ar aon chruinniú de chuid an Bhoird nó Comhairleoir Speisialta a cheapadh le freastal ar na cruinnithe. Sa bhreis air sin, tugann an tArd-Rúnaí agus/nó comhalta Boird cuntas don Aire mar is cuí (agus, de réir mar is cuí, don Aire Stáit) ar shaincheisteanna a thagann chun cinn ag cruinnithe Boird.

An Bord Bainistíochta i mBun Feidhme

Go ginearálta, tionóltar cruinnithe Boird gach uile sheachtain; cuireann an Rúnaí sceideal maidir le dátaí ar fáil don Bhord trí seachtaine (3) ar a laghad roimh ré. Murar féidir cruinniú a thionóil ar an dáta ábhartha tabharfar an oiread fógra agus is féidir.

Tionóllann an Bord cruinnithe ar bhonn rialta in oifigí DAFM ar fud na tíre.

Bunaítear Fochoistí den Bhord ó am go chéile le plé a dhéanamh agus le tuairisc a thabhairt ar shaincheisteanna áirithe; Bunaítear na coistí seo le Téarmaí Tagartha agus tuairiscíonn na coistí go díreach don Bhord Bainistíochta/Ard-Rúnaí.

Tá tacaíocht á fháil ag an mBord Bainistíochta ó Rúnaí a fheidhmíonn de ghnáth mar Rúnaí Príobháideach don Ard-Rúnaí agus ó Rúnaíocht:

- A Ullmhaíonn an Clár Cruinnithe i gcomhar leis an Ard-Rúnaí/Bord Bainistíochta/Rannáin;
- A shocraíonn páipéir don chruinniú a chur i dtoll a chéile agus iad a scaipeadh. Tuarascálacha a scríobh chomh luath agus is féidir i ndiaidh an chruinnithe agus na páipéir seo a eagrú agus a fhoilsiú ar inlín na Roinne;
- A dhéanann cumarsáid le /a thugann cúnamh don na Rannáin sa phróiseas maidir le páipéir a sholáthar do chruinnithe an Bhoird Bainistíochta.

Athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha

Déanfar athbhreithniú ar na Téarmaí Tagartha seo ar bhonn bliantúil nó de réir mar is gá.

Cumarsáid

Tabharfar na Téarmaí Tagartha seo agus aon Téarmaí Tagartha nua, mar a chomhaontaíonn an Bord Bainistíochta, ar aird an Aire agus an Aire Stáit agus ar aird foireann na Roinne go léir, agus cuirfear ar inlín na Roinne iad.

Comhaontaíonn comhaltaí an Bhoird agus scaipeann tuarascálacha na gcruinnithe Boid Bainistíochta go léir, chomh luath agus is féidir i ndiaidh na gcruinnithe, ar chomhaltaí an Bhoird agus cuirtear ar inlín na Roinne iad ar mhaithe le faisnéis a thabhairt don fhoireann.

Struchtúir Bhainistíochta

Coiste Stiúrtha IT

Tá seirbhísí ICT, atá ar ardchaighdeán, ríthábhachtach d'oibríocht rathúil na Roinne ó lá go lá, atá mar phríomhéascaitheoir ó thaobh cur le héifeachtúlacht, éifeachtacht agus solúbthacht. Is é an Coiste Stiúrtha IT an príomhmheicníocht le hardbhainistíocht na Roinne a choinneáil ar an eolas ar shaincheisteanna a bhaineann le ICT a mbíonn tionchar acu ar a gcuid feidhmeanna agus ar

fheidhmeanna na Roinne go ginearálta. Cuireann sé meicníocht fhoirmiúil ar fáil freisin maidir lena n-ionchur in oibriú agus i seachadadh seirbhísí ICT agus ó thaobh a chinntiú go bhfuil siad ag teacht le straitéis fhoriomlán na Roinne.

Tá an Coiste Stiúrtha IT (ITSC) freagrach as mórghnéithe tionscadail a cheadú ar nós:

- Tosaíocht a thabhairt do chuspóirí, táirgí insoláthartha agus torthaí mar a aithnítear sa tionscadal;
- Ceadú agus tosaíocht Cás Gnó;
- A chinntiú go mbíonn iarracht, caiteachas agus athruithe cuí ó thaobh a bhfuil páirtithe leasmhara ag súil leis, agus ag teacht le Straitéis na Roinne;
- A chinntiú go n-aithnítear straitéis le haghaidh a thabhairt ar bhagairtí a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairtí do rathúlacht an tionscadal, go ndéantar iad a mheas agus a cheadú, agus go ndéantar athmheasúnú ar bhagairtí ar bhonn rialta.

Bíonn cruinnithe ráithiúla ag an ITSC. Tá na cruinnithe faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí agus áirítear ansin, comhaltaí ábhartha an Bhoird Bainistíochta, Stiúrthóir Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) agus Ceannairí ICT Rannáin.

Bord Comhairleach Seirbhísí Saotharlainne (LSAB)

Is foghrúpa den Bhord Bainistíochta atá san LSAB. Bunaíodh é le comhoibriú agus comhordú dlúth gníomhaíochtaí idir Saotharlanna agus Rannáin eile na Roinne a chinntiú agus forbairt agus feabhsúchán straitéiseach leanúnach na Saotharlanna.

Tá an Bord faoi chathaoirleacht Cheannaire na Saotharlanna agus cuimsíonn an Príomhchigire, an Príomhoifigeach Tréidliachta, an Rúnaí Cúnta atá freagrach as Gnóthaí Corparáideach agus as Acmhainní Daonna agus dhá chomhalta eile den Bhord Bainistíochta.

Beidh monatóireacht a dhéanamh air agus feidhmiú athrú eagraíochtúil sna Saotharlanna mar phríomhfheidhmeanna an Bhoird seo sna blianta atá amach romhainn. Cuirfidh an LSAB comhairle ar Cheannaire na Saotharlanna maidir le seirbhísí na Saotharlanna a chur in ord tosaíochta agus le hacmhainní a leithdháileadh.

Rialachas ar fud Teorainneacha Eagraíochtúla

Tá an Roinn an-bhainteach le cláir éagsúla ar fud na Státseirbhíse. Cuireann oifigigh na Roinne seirbhís ar fáil do ghrúpaí leibhéal oifigiúil tras-rannacha agus tugann tacaíocht d’obair na gCoistí Comh-Aireachta. Tá nádúr idirspleách agus comhoibrithe na hoibre tras-rannach seo ríthábhachtach do bhaint amach misean na Roinne.

Tá tionchar ollmhór ag ballraíocht na hÉireann san AE agus cur i bhfeidhm an Chomhbheartais Talmhaíochta (CAP) agus an Chomhbheartais Iascaigh (CFP) an AE ar obair na Roinne agus ar fhorbairt earnáil agrairbhia na hÉireann. Tá tionchar ag gné an AE ar réimse iomlán gníomhaíochtaí na Roinne, lena n-áirítear, saincheisteanna leasa ainmhithe agus sábháilteachta bia, tabhairt amach íocaíochtaí díreacha, feidhmiú clár forbartha pobail, comheagrú margáí i dtáirgí talmhaíochta agus ceanglais rialaithe agus iniúchta agus iascaigh. Tá comhairliúchán leathan leis an gCoimisiún Eorpacha, le Parlaimint na hEorpa agus le Ballstáit eile i gceist le forbairt beartais CAP agus CFP agus baineann a gcur i bhfeidhm go háirithe le comhlíonadh raon leathan reachtaíocht phríomha agus tánaisteach AE.

Is í an Roinn an Ghníomhaireacht Íocaíochta creidiúnaithe náisiúnta le Cistí AE a íoc amach, a chiallaíonn ról ríthábhachtach ó thaobh tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm beartais agus le taca a chur faoi iarrachtaí atá leagtha amach sa straitéis forbartha tionscal a bhaint amach. Déanann an Roinn próiseáil ar íocaíochtaí AE ar bhonn bliantúil ar luach de thart ar €1.2 billiún a íoctar le feirmeoirí faoin Scéim Íocaíochtaí Bunúsacha agus scéimeanna éagsúla faoi Chlár Forbartha Tuaithe na hÉireann. Sanntar acmhainní suntasacha foirne do phróiseáil na n-íocaíochtaí, do thras-chomhlíonadh agus do ghníomhaíochtaí rialaithe eile agus le forbairt a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do chórais faisnéise teicneolaíochta atá mar bhonn taca leis na scéimeanna seo.

Tugtar breac-chuntas ar an rannpháirtíocht tras-rannach sna samplaí seo a leanas:

- Bord Bainistíochta na Státseirbhíse (CSMB);
- Clár Athchóirithe Seirbhísí Comhroinnte;
- Bord Ceannaireachta na Seirbhíse Poiblí agus Grúpa Bainistíochta na Seirbhíse Poiblí chun seachadadh a dhéanamh ar Phlean Athchóirithe 2020 na Seirbhíse Poiblí;
- Ceannairí an Fhóraithe Iniúchta Inmheánaí;

- Grúpa Stiúrtha don Phlean Náisiúnta Maolaithe um Gníomhú ar son na hAeráide agus Ísealcharbóin;
- An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas

Prionsabal Rialachais – Ciallaíonn dea-rialachas rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú trí chórais rialaithe inmheánacha atá tréan agus trí chleachtas éifeachtacha bainistíochta feidhmíochta.

Tá cothabháil a dhéanamh ar na caighdeáin is airde bainistíochta airgeadas ar cheann de phríomhspríocanna na Roinne, mar atá dearbhaithe ag údarás mhonatóireachta éagsúla (an Coiste Iniúchta, Comhlacht Deimhnithe an AE, Coimisiún an AE agus Cúirt Iniúcháirí na hEorpa agus Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG). Chuige sin, is é beartas na Roinne cothabháil a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt don fheidhm maidir le hiniúcháireacht inmheánach atá ar ardchaighdeán. Tá leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais agus na nósanna imeachta, an cultúr rialaithe agus an timpeallacht rialaithe faoi athbhreithniú leanúnach Aonad um Iniúchadh Inmheánach na Roinne chomh maith leis an gCoiste Iniúchta, gníomhaireachta athbhreithnithe seachtracha thar ceann an AE, agus an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste. Déanann na bainisteoirí agus na comhaltaí foirne aonair go léir i réimsí gnó na Roinne a gcion le bainistíocht éifeachtach agus le cothabháil agus forbairt chórais rialaithe a chinntiú. Tá Córas Bainistíochta Riosca na Roinne ina huirlis thábhachtach ó thaobh tacaíocht a thabhairt don bhainistíocht leis an dualgas seo.

Coiste Iniúcháireachta

Bunaíodh Coiste Iniúcháireachta na Roinne le comhairle neamhspleách a chur ar an Ard-Rúnaí maidir le beartais iniúcháireachta inmheánacha agus le bainistíocht riosca atá oiriúnach d'fheidhmiú na Roinne. Cuimsíonn comhaltas an Choiste Iniúcháireachta daoine aonair atá oilte go cuí agus nach bhfuil baint acu le bainistíocht nó le foireann na Roinne.

Tá an Coiste Iniúcháireachta neamhspleách ar an Roinn agus tá an Coiste neamhchlaonta ina chuid cúrsaí.

Tá trí ról leathan ag an gCoiste:

- Comhairle a thabhairt don Roinn maidir le hoiriúnacht agus le daingne chórais rialaithe inmheánacha na Roinne;
- Comhairle a thabhairt maidir le hoibriú na feidhme um iniúcháireachta inmheánach laistigh den Roinn;
- Scrúdú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú straitéis bhainistíochta riosca na Roinne.

Tá na feidhmeanna sonracha seo a leanas ag an gCoiste, laistigh de chreat na ról leathan a dtagraítear dóibh thuas:

- Athbheithniú agus comhairle a thabhairt maidir leis an gclár oibre don iniúcháireacht inmheánach laistigh den Roinn;

- Measúnú a dhéanamh ar thorthaí na dtuarascálacha iniúcháireachta inmheánacha, meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras agus na nósanna imeachta rialaithe inmheánacha agus comhairle a chur ar an Ard-Rúnaí maidir leis na conclúidí ina dtaobh;
- Cairt don iniúcháireacht inmheánach a cheadú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcairt sin go tréimhsiúil, a shainmhíonann go soiléir, cuspóir, údarás, ról agus freagrachtaí agus caidrimh thuairiscithe an Choiste Iniúcháireachta, an tAonad um Iniúcháireacht Inmheánach agus bainistíocht ábhartha na Roinne;
- Comhairle a chur ar an Ard-Rúnaí maidir le héifeachtacht na gcóras agus na nósanna imeachta rialaithe inmheánacha;
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na feidhme um iniúcháireacht inmheánach agus ar fheidhmiú plean iniúcháireachta;
- Cuidiú le Stiúirthóir na hiniúcháireachta Inmheánaí ó thaobh meastóireacht a dhéanamh ar thosaíochtaí;
- Tuarascálacha speisialta a éileamh ón iniúcháireacht inmheánach de réir mar a bhreithnítear cuí;
- Monatóireacht agus measúnú ar fheidhmiú gníomhartha ceartaitheacha comhaontaithe ag an mbainistíocht, lena n-áirítear trí thagairt d'iniúcháireachtaí leantacha.
- Comhairle a thabhairt cibé an bhfuil acmhainní agus scileanna leordhóthanacha ar fáil d'fheidhm iniúcháireachta inmheánaí na Roinne agus moltaí a dhéanamh maidir le leithdháileadh acmhainní, sa chás go mbreithnítear a leithéid a bheith inmhianaithe;
- Sárchleachtas san fheidhm iniúcháireachta inmheánach a chothú agus a fhorbairt;
- Tuiscint ar fheidhm iniúcháireachta inmheánach agus ar stádas na feidhme laistigh de Roinn a chur chun cinn;
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú straitéis bhainistíochta riosca na Roinne agus comhairle a chur ar an Ard-Rúnaí maidir le héifeachtacht an próiseas seo.

Tá an t-údarás ag an gCoiste Iniúcháireachta:

- Faisnéis, doiciméid agus cur i láthair den sórt sin ag oifigigh na Roinne a lorg, atá, i dtuairim an choiste, ábhartha do chúrsaí a thagann laistigh dá théarmaí tagartha.;
- Bualadh leis na hiniúcháirí inmheánacha seachtracha nó le comhairleoirí atá ag feidhmiú laistigh den Roinn.

An tAonad Iniúchóireachta Inmheánach

Is é cuspóir an Aonaid um Iniúchóireachóireacht Inmheánach dearbhú neamhspleách neamhchlaonta agus seirbhísí comhairleoireachta a chur ar fáil atá deartha chun cur le luach agus le feabhas a chur ar oibríochtaí na Roinne trí chur chuige córasach agus smachtaithe a thabhairt isteach le meastóireacht a dhéanamh agus feabhas a chur ar éifeachtacht bainistíochta riosca, agus ar na próisis rialaithe agus rialachais laistigh den Roinn. Ní mór don Aonad tabhairt faoi chlár iniúchóireachta de réir líon Rialacháin AE maidir le Cistí AE. Sa bhreis air sin, cuireann an tAonad na tacaíochtaí go léir atá riachtanach ar fáil do Choiste Iniúchóireachta na Roinne.

Údarás

Faigheann Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne a údarás ón Ard-Rúnaí ina cáilíocht/ina cháilíocht mar Oifigeach Cuntasaíochta, agus tuairiscíonn an Stiúrthóir Iniúchóireachta Inmheánach go díreach don Oifigeach Cuntasaíochta. Tá Aonad na hIniúchóireachta Inmheánaí údaraithe le:

- Lán-rochtain a bheith aige agus é i mbun gnó, chuig gach feidhm, taifead, maoin agus pearsanra de chuid na Roinne;
- Saor rochtain agus rochtain iomlán chuig an gCoiste Iniúchóireachta;
- Acmhainní a leithdháileadh agus scóip na hoibre atá riachtanach le cuspóirí iniúchóireachta a bhaint amach a chinneadh;
- An fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a éilítear a fháil chun a chuid dualgais a chur i bhfeidhm i gceart.

Ról agus Freagrachtaí

Tá sé mar phríomhról ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánach dearbhú a thabhairt don Ard-Rúnaí, don Choiste Iniúchóireachta agus don Ardbhainistíocht maidir le leordhóthanacht bainistíocht riosca agus le próisis rialaithe agus rialachais na Roinne. Is féidir leis an Aonad Iniúchóireachta Inmheánach comhairle a chur ar na bainisteoirí líne maidir le feidhmiú rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear, i gcásanna nach bhfuil forbairt leordhóthanach déanta ar chórais. Tá freagrachtaí ar leithligh ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánach faoi rialacháin AE áirithe. Tá ról ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánach freisin ó thaobh dearbhú a chur ar fáil don Roinn go bhfuil córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun freagrachtaí Luach ar Airgead a chomhlíonadh.

Neamhspleáchas

Ní bheidh an tAonad Iniúcháireachta Inmheánach rannpháirteach i bhfeidhmeanna líne ar mhaithe lena neamhspleáchas a chaomhnú, atá ríthábhachtach ó thaobh comhairle neamhchlaonta a sholáthar don bhainistíocht. Sa chás go ndéanann an tAonad Iniúcháireachta Inmheánach athbhreithniú ar chórais nach bhfuil forbairt leordhóthanach déanta orthu agus go dtugann comhairle maidir leis na rialuithe cuí ní dhéanann sé sin dochar dá chearta iniúcháireacht a dhéanamh ar chórais den sórt sin ina dhiaidh sin.

Modheolaíocht Iniúcháireachta

Cuireann an tAonad Iniúcháireachta Inmheánach plean oibre bliantúil ar fáil do gach réimse atá faoina chúram agus úsáid á bhaint aige as an modheolaíocht cuí atá bunaithe ar riosca agus ina n-áirítear aon riosca nó údar imní a aithníonn an bhainistíocht. Comhaontaíonn an Coiste Iniúcháireachta an plean agus ceadaíonn an Bord Bainistíochta é. Tugtar faoin obair iniúcháireachta de réir na gcaighdeán agus na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus sárchleachtas eagraíochta ar nós Institiúid Chairte na nIniúcháirí Inmheánacha agus Cumann Rialaithe agus Iniúcháireachta um Chórais Faisnéise.

Socruithe Tuairiscithe

Tuairiscíonn Stiúrthóir na hIniúcháireachta Inmheánaí don Ard-Rúnaí, mar Oifigeach Cuntasaíochta, agus tuairiscíonn go rialta don Bhord Bainistíochta agus don Choiste Iniúcháireachta freisin ar bhonn ráithiúil.

Príomhoifigeach Airgeadais

Tá an Príomhoifigeach Airgeadais ag feidhmiú ag leibhéal Rúnaí Cúnta agus tá sé/sí ina chomhalta den Bhord Bainistíochta. Áirítear ar fhreagrachtaí an Phríomhoifigigh Airgeadais, bhainistíocht a dhéanamh ar ghnóthaí airgeadais agus ar chúrsaí buiséid na Roinne.

An Rannán Airgeadais

Is é ról an Aonaid Airgeadais bainistíocht a dhéanamh ar ghnóthaí airgeadais na Roinne. Áirítear leis seo, córas a fheidhmiú maidir le tarmligean agus monatóireacht airgeadais, anailís a dhéanamh agus

tuairisciú don Bhord Bainistíocht agus don DPER maidir le caiteachas cistí vótáilte i gcomparáid le buiséid comhaontaithe, ag teacht le ceanglais. Téann an Rannán i gcomhairle, de réir mar is gá, leis

an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Cuireann an Rannán tacaíocht bainistíochta ciste ar fáil do na Rannáin ar bhonn laethúil.

Tá an Rannán Airgeadais freagrach freisin as comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar iniúcháireachtaí Choimisiún an AE agus Chúirt Iniúcháir na hEorpa agus as dul i gcomhairle leis an dá eagraíocht maidir leis seo. Ullmhaíonn an Rannán Cuntas Bliantúil agus Ráiteas Dearbhaithe an AE don EAGF, EAFRD agus EMFF leis na réitigh tacaíochta go léir chun críocha iniúcháireachta agus le cothabháil a dhéanamh ar stádas na Roinne mar ghníomhaireacht íocaíochta creidiúnaithe na hÉireann agus cinntíonn comhréireacht le Neamhrialtacht Tuairiscithe an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise Coimisiún na hEorpa (OLAF). Tá an Rannán freagrach freisin as Cuntas Ilchodach a ullmhú agus a chur faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG). Tá an Rannán freagrach as cuntais Bhliantúla/Míosúla/Ráithiúla agus tuairisciú cruinn Fiachais EAGF, EAFRD agus EMFF araon a ullmhú go cruinn, a dheimhniú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos ag an AE. Chomh maith leis sin, déanann an Rannán comhordú ar fhoilsiú faisnéise maidir le tairbhíthe CAP ag teacht lena chuid ceanglais agus feidhmeanna rialála mar Údarás Deimhnithe don Chiste Iascaigh Eorpach.

Déanann an Rannán Airgeadais cothabháil, monatóireacht agus bainistíocht ar an Rannán Airgeadais.

Bainistíocht Riosca

Tá tosaíocht tugtha ag an mBord Bainistíochta do bhainistíocht riosca. Is é cuspóir Chlár Bainistíochta Riosca na Roinne, measúnú a dhéanamh ar na príomhrioscaí atá i ndán don Roinn ó thaobh a cuid cuspóirí a bhaint amach agus ó thaobh breac-chuntas a thabhairt ar bhearta, ag leibhéal na Roinne agus ag leibhéal rannáin, le rioscaí den sórt sin a íoslaghdú agus a bhainistiú. Aithníonn gach rannán laistigh den Roinn, mar chuid den chlár seo, mór-rioscaí agus tuairiscíonn ar bhonn rialta do Choistí Riosca agus Iniúcháireachta na Roinne maidir le bainistiú na rioscaí seo.

Déanann an Rannán Airgeadais cothabháil ar lárchóras Bainistíochta Riosca. Is é príomhchuspóir an bhunachair Bainistíochta Riosca ná rioscaí a logáil agus a thaifeadadh atá aitheanta ag na rannáin laistigh den Roinn agus córas rianaithe agus tuairiscithe maidir leis na rioscaí seo a éascú do Choistí

Riosca agus Iniúcháireachta na Roinne. Féadfaidh na rannáin úsáid a bhaint as an gcóras freisin mar uirlis inmheánach bainistíochta le saincheisteanna riosca rannáin a rianú.

Bainistiú Fiachais

Bíonn cruinnithe rialta ag an Lárghrúpa Bainistíochta Fiachais, atá faoi chathaoirleach an Rúnaí Cunta Smyth agus a chuimsíonn ionadaithe óna Rannáin Cuntais, Airgeadais agus Seirbhísí Dílíthiúla le scrúdú a dhéanamh agus le bainistíocht agus feabhas a chur ar phróisis bhainistíochta agus bailithe fiachais ar fud gach réimse den Roinn.

Rinneadh córas rianaithe bailithe fiachais a leathadh amach chuig gach aonad féichiúnaithe atá freagrach as táillí a bhailiú agus íocaíochtaí agus pionóis eile a aisghabháil faoi scéimeanna na Roinne. Tá Láraonad Monatóireachta Fiachais i bhfeidhm le maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar bhailiúchán fiachais go léir na Roinne. Tá an tAonad seo freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chóras rianaithe bailithe fiachais, athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta bainistíochta fiachais, agus as tuairisciú ar bhonn ráithiúil don Bhord Bainistíocht agus don Choiste Iniúcháireachta maidir leis an stádas fiachais reatha.

An Láraonad Soláthair

Déanann an Láraonad um Sholáthar (CPU) maoirseacht agus monatóireacht ar gach gné de sholáthar na Roinne, lena n-áirítear, bainistiú catagóire agus beartas soláthair. Cinntíonn an tAonad go mbíonn próisis soláthair á bhfeidhmiú go seasta ar fud na Roinne de réir rialacha agus treoirlínte soláthair agus go mbíonn na Rannáin ag comhlíonadh na rialacha soláthair lena chinntiú go mbaintear amach an éifeachtúlacht agus an luach is fearr is féidir ar airgead sa Roinn. Téann an tAonad i gcomhairle freisin leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) agus éascaíonn cur i bhfeidhm beartais agus nósanna imeachta OGP ag teacht le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí ar sholáthar. Déanann an CPU cothabháil ar chlár conarthaí ar SAP atá cothrom le dáta agus cinntíonn go bhfuil taifeadadh cruinn á dhéanamh ar chaiteachas soláthair sna taifid ar Chuntais.

Rannán na gCuntas

Déanann Rannán na gCuntas próiseáil agus cothabháil ar thaifid chuntasaíochta cuí go léir idirbhearta airgeadais na Roinne, trína hidirbhearta íocaíochta agus admhála go léir a dhéanamh

go pras agus cothabháil chruinn a dhéanamh ar ionracas na gCuntas agus na gCóras Custaiméirí Corparáideacha, agus measúnú agus bainistíocht a dhéanamh ag an am céanna ar cheanglais agus próisis gnó atá ag athrú, lena n-áirítear rannpháirtíocht leis an Tionscadal Comhroinnte Airgeadais. Ullmhaíonn an Rannán Cuntas Leithreasa agus Cuntas Ionad Iascaigh na Roinne agus déanann comhordú ar iniúchoireacht bliantúil na gCuntas seo leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG).

An Cuntas Leithreasa

Ceanglaítear ar an Roinn, ag deireadh gach bliain airgeadais, tuairisc a thabhairt maidir le caiteachas agus admhálacha i bhfoirm Cuntas Leithreasa atá le seachadadh chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) faoin 31 Márta i ndiaidh deireadh na bliana cuntasaíochta. Ceanglaítear ar an Oifigeach Cuntasaíochta, Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach atá sínithe, a sholáthar don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste leis an gCuntas ina bhfógraíonn sé/sí a chur chuige/a cur chuige i leith, a bhfreagracht as, bainistíocht riosca, rialú inmheánach agus rialachas corparáideach. Léirítear sa Chuntas freisin aon laigí a d'fhéadfadh a bheith sa rialú inmheánach laistigh den eagraíocht.

Ceanglaítear go foirmiúil ar Bhainisteoirí Buiséid (ar bhonn míosúil), a dheimhniú go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar chaiteachas agus ar admhálacha ar mhaithe le cruinneas agus cirte chun tacú leis an Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach atá san áireamh sa Chuntas Leithreasa. Ceanglaítear go foirmiúil ar an mBainisteoir Buiséid, ag deireadh na blianta cuntasaíochta, ceistneoir an Chuntais Leithreasa maidir le gníomhaíochtaí airgeadais ina Rannán a chríochnú agus shíniú. Chomh maith leis sin, déanann na Ceannairí Airgeadais, Bainistíocht Faisnéise agus Teicneolaíochta (IMT) agus Rannáin Iniúchoireachta Inmheánacha athbhreithniú ar an Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach lena chinntiú go léirítear go cruinn na socruithe rialachais corparáideacha atá i bhfeidhm sa Roinn.

Caiteachas AE

Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an ghníomhaireacht íocaíochta creidiúnaithe le cistí AE a íoc amach faoi Rialachán AE Uimh. 1306/2013 Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le maoiniú, bainistíocht agus monatóireacht ar an gComhbheartas Talmhaíochta. Is é an tArd-Rúnaí Ceannaire na Gníomhaireachta Íocaíochta. Déanann comhlacht deimhnithe neamhspleách

iniúcháireacht ar bhonn bhliantúil ar Chuntais AE na Roinne agus tá siad faoi réir ag iniúchadh ag Coimisiún an AE agus ag Cúirt Iniúcháirí na hEorpa.

Beartas Calaoise

Tá Beartas Calaoise i bhfeidhm ag an Roinn, atá á fheidhmiú ag an Rannán Airgeadais.

Sábháilteacht Bia agus Barántúlacht Bia

Déanann an Roinn agus a chuid Gníomhaireachtaí iarracht na leibhéil is airde comhlíonadh dlíthiúil a chur chun cinn chun sláinte tomhaltóirí a chosaint agus tionscal Agraibhia agus Bia Mara in Éirinn, atá fuinniúil, a chur chun cinn agus a chaomhnú. Tá sé seo rithábachtach do chlu na hÉireann go hidirnáisiúnta. Is í straitéis na Roinne agus a cuid Gníomhaireachtaí, le ráthaíocht a sholáthar maidir le sábháilteacht bia agus barántúlacht bia, ná an clár is éifeachtaí monatóireachta agus rialaithe is féidir a chothabháil agus a fhorbairt ag leibhéil phríomha, táirgeora agus próiseála agus feidhmiú éifeachtach na reachtaíochta cuí ar fud réimsí oibríochta go léir na Roinne a chinntiú. Baintear amach, den chuid is mó, comhlíonadh le ceanglais reachtúla, trí mheascán de threoirlínte a eisíonn an Roinn agus a chuid Gníomhaireachtaí agus comhlíonadh na bpáirtithe leasmhara leis na ceanglais.

Grúpa Stiúrtha Imscrúduithe agus an Rannán Imscrúduithe

Sa chás amhras a bheith ann faoi neamhchomhlíonadh tromchúiseach ceanglais reachtúla, is féidir an cás a chur ar aghaidh chuig Rannán Imscrúduithe na Roinne lena imscrúdú agus ar mhaithe le gníomh leantach. Déanann an Grúpa Stiúrtha Imscrúduithe maoirseacht ar an Rannán Imscrúduithe. Tá an Grúpa Stiúrtha Imscrúduithe faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí Cúnta atá freagrach as Gnóthaí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna agus cuimsíonn, an Príomhoifigeach Tréidliachta, an tArd-Rúnaí Cúnta, le freagracht as íocaíochtaí díreacha agus Ceannairí na Seirbhísí Dlí, Iniúcháireachta Inmheánach agus Acmhainní Daonna.

An Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe (ARG) monatóireacht ar ghníomhaíochtaí na Roinne maidir le cláir an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD). Tagann an ARG le chéile uair sa ráithe ar

a laghad faoi chathaoirleacht Ard-Rúnaí na Roinne agus áiríonn ionadaíocht ó ardbhainistíocht na Roinne. Tá sé mar phríomhaidhm ag an ARG comhlíonadh le critéar creidiúnaithe a chinntiú le haird faoi leith ar a chinntiú go dtugtar gach moladh atá i dTuarascáil an Chomhlachta deimhnithe ar aird an Rúnaí Cúnta, go ndéanann na Príomhoifigigh iad a athbhreithniú agus go gcuirtear i bhfeidhm iad ar bhonn tráthúil.

Chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha leantacha an Chomhlachta Deimhnithe, déanann an ARG monatóireacht ar dhul chun cinn na moltaí iniúcháireachta go léir agus ar na freagraí ar na torthaí iniúcháireachta go léir maidir le saincheisteanna tábhachtacha a thuairiscíonn an Coimisiún Eorpacha, Cúirt Iniúcháirí na hEorpa agus an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste. Cuirtear tuarascálacha maidir le seasamh fiachais atá gan íoc faoi bhráid an ARG freisin.

Creat Comhlíonta

Déanfar forbairt, chun dul le Creat Rialachais na Roinne, ar chreat comhlíonta faoi dheireadh Ráithe 4 den bhliain 2019. Cuirfidh an creat comhlíonta forléargas ar fáil maidir le gníomhaíocht deimhnithe comhlíonta go léir sa Roinn agus aithneofar an duine atá freagrach as gach aon ghníomhaíocht laistigh den Roinn. Beidh fáil air mar chreat ar leith chun díriú air agus níos mó mionsonraí a sholáthar maidir le fo-thacar caighdeáin rialachais atá riachtanach de réir reachta, nó de bhun cinntí rialtais nó tiomantais shuntasacha riaracháin nó tiomantais sheachtracha.

Prionsabal Rialachais – Cinntíonn dea-rialachas oscailteacht, próisis chomhairliúcháin phoiblí éifeachtacha agus idirbheartaíocht chuimsitheach le geallsealbhóirí intíre agus idirnáisiúnta

Rialachas Seachtrach agus Maoirseacht ar Chomhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne

Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

Tá dhá Chomhlacht Stáit déag faoi choimirce na Roinne. Tá na comhlachtaí seo bunaithe de réir reachta agus tá freagracht shonrach ar a gcuid Stiúrthóirí/Príomhfheidhmeannaigh as a n-oibríochtaí ó lá go lá. I gcás roinnt de na comhlachtaí seo, tá an Príomhfheidhmeannach cuntasach go díreach don Oireachtas faoina reachtanna lenar bunaíodh an comhlacht agus i gcás roinnt eile d'fhéadfadh sé go n-éileofaí ar an bPríomhfheidhmeannach tuairisciú don Choiste Oireachtais ábhartha de réir an Achta um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013.

Go ginearálta, déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an tArd-Iniúcháir iniúcháireacht ar chomhlachtaí den sórt sin agus tá ceangal orthu, ó thaobh a nósanna imeachta agus cleachtais, aird a thabhairt ar fhorálacha na reachtanna lenar bunaíodh iad agus ar *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* araon. Tá ról ag an Roinn ó thaobh beartas a threorú agus ó thaobh dearbhú a lorg maidir le comhlíonadh agus le forálacha an *Chóid Cleachtais*. Tá ról maoirseachta ag an Rannán Gnóthaí Corparáideacha, chomh maith le monatóireacht ar rannáin líne, maidir le rialachas corparáideach. Tugtar breac-chuntas in Aguisín 2 ar na mionsonraí a bhaineann leis na Comhlachtaí Stáit atá faoi choimirce na Roinne.

Socrú maidir le Creat Feidhmíochta

Tá Socrú maidir le Creat Feidhmíochta ag an Roinn atá ceadaithe ag an mBord Bainistíochta lena úsáid maidir le Comhlachtaí Stáit. Eascraíonn an doiciméad ó cheanglais Mhaoirseachta Roinne i gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá sé mar chuspóir leis an Socrú sainmhíniú a thabhairt ar ionchais fheidhmíochta na Roinne maidir le Comhlacht Stáit.

Tugtar breac-chuntas sa Socrú ar an bpróiseas lena socraítear ionchais fheidhmíochta do Chomhlacht Stáit, an nós imeachta a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar an méid atá á bhaint amach acu agus freagrachtaí faoi seach an Comhlacht Stáit agus na Roinne maidir leis sin. Tá an Socrú ansin freisin le meastóireacht feidhmíochta a éascú idir Comhlacht Stáit agus an Roinn agus meas á léiriú ag an am céanna ar oibríocht neamhspleách an Chomhlachta. Is féidir le Rannán Líne leasú a dhéanamh ar an doiciméad de réir mar a éilíonn imthosca maidir le Comhlachtaí Stáit

éagsúla. Samhlaítear cruinniú sé mhí nó bliantúil leis an Socrú idir oifigigh na Roinne agus an Comhlacht Stáit, de réir mar is cuí.

Maidir le péire de na ceithre Chomhlacht Tráchtála, Coillte agus Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann, níl feidhm le leagan amach an Chomhaontaithe Maoirseachta agus Feidhmíochta. Meastar, de réir an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*, Litir Ionchais Scairshealbhóra a bheith ina Chomhaontú Maoirseachta do na Comhlachtaí seo.

Is iad Coillte an t-aon chomhlacht d'Údarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) atá faoi choimirce an DAFM. Tá éascú a dhéanamh, trí Litir Ionchais Scairshealbhóra, ar leibhéal feabhsaithe úinéireachta gníomhach ag an Stát, mar scairshealbhóir, i gceist le cur chuige NewERA. Tá freagracht shonrach ar NewERA faoin reachtaíocht seo, comhairle airgeadais agus tráchtála a chur ar fáil don Aire maidir le Coillte.

Ceapacháin ar Bhoird Comhlachtaí Stáit atá faoi Choimirce na Roinne

Leagtar amach na socruithe do cheapachán comhaltaí ar Bhoird Comhlachtaí Stáit sna Treoirínte maidir le Ceapacháin ar Chomhlachtaí Stáit a foilsíodh sa bhliain 2014. Fógraítear, de réir na dTreoirínte, na folúntais go léir (faoi réir ag eisceachtaí sonracha), go hoscailte ar thairseach Boird Stáit www.stateboards.ie, atá á fheidhmiú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS). Déantar iarratais a phróiseáil ansin trí chóras measúnaithe trédhearcach agus cuireann PAS i bhfeidhm é chun tacú leis an Aire ó thaobh ceapacháin a dhéanamh ar Chomhlachtaí Stáit atá faoin chúram/faoina cúram. Cuirtear na hiarratais ar ghearrliosta tríd an bpróiseas seo do cheapachán Aireachta. Freastalaíonn ceapacháin ar chritéar sonracha, mionsonraithe, a ndéantar cinneadh ina leith i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara (ar nós Cathaoirleach reatha an Bhoird Stáit lena mbaineann agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí), de réir mar is gá ó thaobh feidhmíocht éifeachtach na ról ábhartha. Mar sin féin, i roinnt cásanna, d'fhéadfadh an ceart a bheith ag ionadaí nó ag comhlachtaí eile, go reachtúil nó trí choinbhinsiún, le Comhaltaí Boird a ainmniú. I láthair na huaire, tá fócas faoi leith ar fheabhas a chur ar chothromaíocht inscne, chun tacú le héagsúlacht agus le héifeachtacht níos fearr.


Bearta Ceadaithe Tarmligthe

Leanfaidh an Rannán Acmhainní Daonna le dul i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó thaobh bainistíocht a dhéanamh go gníomhach ar bhearta ceadaithe tarmligthe don Roinn agus do Chomhlachtaí Stáit araon atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne agus cuireann tuairisceáin ráithiúla ar fáil don DPER sa leagan amach atá riachtanach.

Pleananna Fórsa Saothair

Feidhmíonn an Roinn agus sé cinn de na Comhlachtaí Stáit atá ag oibriú faoina coimirce, próisis phleanála don áit oibre le himlonnú acmhainní a éascú. Maidir leis sin, oibríonn an Roinn agus na Comhlachtaí Stáit laistigh de na paraiméadair atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar chuid de na socrúithe maidir le cead tarmligthe. Déanann an Roinn monatóireacht ar na pleananna fórsa saothair ar mhaithe lena chinntiú go n-oibríonn an Roinn agus na Comhlachtaí Stáit atá faoina coimirce laistigh de na paraiméadair comhaontaithe.

Department of Agriculture, Food & the Marine
Secretary General
Brendan Gleeson



- Seafood
- Food Safety and Animal/Plant Health & Animal Welfare
- Strategy and Policy Co-ordination
- Corporate Development
- Farm Supports/Payments and Controls
- Cross-cutting responsibilities

Tá Eagraghram na Roinne ar leathanach 45 leagtha amach i bhformáid Word ag Aguisín 3, leathanaigh 51-58

Comhlacht	An Duine atá Freagrach (m.sh. Ceannaire Oifige)		An Príomhoifigeach sa Roinn atá i gcomhairle leis an gComhlacht	Príomhfheidhmeanna Aireachta agus Roinne	Foinse Cistithe Státchiste	Re...
An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe	Imelda Reynolds Cathaoirleach		Josephine Kelly	Cuireann an Bord údarás neamhspleách ar fáil chun cinneadh a dhéanamh maidir le hachomhairc in aghaidh cinntí an Aire ábhartha ar iarratais ar cheadúnais dobharshaothraithe.	Vóta	An tá... (Le...
Bord Bia	Tara McCarthy Príomhoifigeach Feidhmiúcháin		Gráinne Mulligan	Chun treallús a chur, trí léargas margaidh, agus i gcompháirtíocht leis an tionscal, faoi rathúlacht tráchtála tionscal bia, deoch agus gairneoireachta den chéad scoth.	Vóta	Acht... Bord...
Bord na gCon	Gerard Dollard Príomhoifigeach Feidhmiúcháin		Rebecca Chapman	Tá an comhlacht á rialú ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, mar a leagtar amach sa reachtaíocht. Is í feidhm na Roinne monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar Bhord na gCon (BNG) ó thaobh comhlíonadh oibleagáidí reachtúla agus oibleagáidí eile.	Ciste Rásaíochta Capall agus Con mar a leagtar amach san Acht um Rásaíocht Capall agus Con 2001 agus in Ionstraimí Reachtúla gaolmhara	Acht... gCon... Tions... (Leas... um... Póru... 2010, Cúnn... um... Cap...
Bord Iascaigh Mhara	Jim O'Toole Príomhoifigeach Feidhmiúcháin		Josephine Kelly	Is é Bord Iascaigh Mhara (BIM), an Ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as tionscail Iascaireacht Mhara agus Dobharshaothraithe inbhuanaithe na hÉireann a fhorbairt.	Vóta	Acht... M...

				<p>Soláthraíonn BIM raon seirbhísí, lena n-áirítear, seirbhísí comhairleacha, airgeadais, teicniúla agus tacaíochtaí forbartha agus oiliúna do gach earnáil de thionscal bia mara na hÉireann.</p> <p>Tá sé mar phríomhchuspóir ag BIM leathnú a chur ar mhéid, caighdeán agus ar luach aschur óna hearnálacha bia mara agus dobharshaothraithe trí dhíriú ar dheiseanna fáis do na hearnálacha seo.</p>		
Coillte	Fergal Leamy Príomhoifigeach Feidhmiúcháin		Patricia Kelly	<p>Comhaontú ar Chlár ar mhaithe le díolacháin agus seilbh talún agus díol adhmaid, cibé ag seasamh nó leagtha, ag an gcomhlacht [Alt 14];</p> <p>Ceapachán Bord Stiúrthóirí, le toil an MPER, [Alt 15]</p> <p>Cead, le toil an MPER, le fochomhlachtaí a bhunú agus a fháil [Alt 15 & Cód Cleachtais (CoP)]</p> <p>Cead, le toil an MPER, le hinfheistíocht (níos mó ná an comhiomlán luaite) a dhéanamh i ngealltanais [Alt 15 agus CoP]</p> <p>Cead, le toil an MPER, le hathrú a chur ar Airteagail nó ar Mheabhrán Chomhlachais [Alt 16];</p> <p>Cead, le toil an MPER, agus le cead an Aire Airgeadais, le hairgead a fháil ar iasacht [Alt 24]</p> <p>Cur faoi bhráid Tuarascáil Bhliantúil do Thithe an Oireachtais [Alt 31]</p> <p>Cinneadh, le toil an MPER, ar théarmaí agus coinníollacha maidir le fostú Príomhoifigeach Feidhmiúcháin [Alt 35];</p> <p>Fodhlíthe a dhéanamh le rochtain nó úsáid aon talamh atá in úinéireacht nó á úsáid ag an gcomhlacht [Alt 37];</p> <p>Treoracha áirithe a eisiúint don chomhlacht le toil an MPER, [Alt 38]</p> <p>Cead, le comhaontú an MPER, maidir le scéimeanna aois liúntais, pinsin, srl. [Alt 44]</p> <p>Príomhfheidhmeanna na Roinne: Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta</p>	Ní fhaigheann Coillte aon mhaoiniú ón Státchiste, seachas mar iarratasóir faoi scéimeanna foraoiseachta ábhartha	

				<p>Foraoiseacht 1988 ag Coillte agus an CoP; Breithniú a dhéanamh ar iarratais a chuirtear faoi bhráid faoi fhorálacha reachtúla éagsúla a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith thuas; Monatóireacht, i gcomhar le NewERA, ar fheidhmíocht Airgeadais Coillte Breithniú a dhéanamh ar na Cuntais Bhliantúla Freagairt d'ionadaíocht, PQ'nna, fiosrúcháin, srl. maidir le Coillte Dul i gcomhairle le Coillte maidir le tabhairt chun críche tuairisceáin reachtúla áirithe, m.sh. faoin Acht Míchumais</p>		
Rásaíocht Capall na hÉireann	Brian Kavanagh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin		Rebecca Chapman	<p>Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara atá ag rialú an chomhlachta mar a leagtar amach sa reachtaíocht.</p> <p>Is í feidhm na Roinne leanúint le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht an HRI le hoibleagáid reachtúla agus le hoibleagáidí eile.</p>	An Ciste Rásaíochta Capall agus Con mar a leagtar amach san Acht um Rásaíocht Capall agus Con, 2001 agus in Ionstraimí Reachtúla Gaolmhara	An Rásaíocht Capall agus Con, 2001 agus in Ionstraimí Reachtúla Gaolmhara
Comhlacht Graí Náisiúnta na	Cathal Beale Príomhoifigeach		Rebecca Chapman	Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara atá ag rialú an chomhlachta mar a leagtar amach sa reachtaíocht.	Níl an eagraíocht ag fáil maoiniú ón	An Náisiúnta

hÉireann Teoranta	Feidhmiúcháin			Is í feidhm na Roinne leanúint le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht an INS le hoibleagáid reachtúla agus le hoibleagáidí eile	Státchiste	t Náisi t Náisi 1993, Náisi
Foras na Mara	Peter Heffernan Príomhoifigeach Feidhmiúcháin		Josephine Kelly	Tá sé mar fheidhm ghinearálta ag an Fhoras tabhairt faoi, comhordú, cur chun cinn agus cuidiú le taighde agus forbairt mhuirí, a chuirfidh i dtuairim an Fhorais, forbairt eacnamaíochta chun cinn agus a chruthóidh fostaíocht agus a thabharfaidh cosaint don timpeallacht mhuirí.	Vóta	An tA na
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne	Muiris Ó Céidigh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin		Bernie Brennan	Tá sé mar cheanglas faoi Acht na bliana 1994 go gcuirfidh an Ghníomhaireacht Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla faoi bhráid an Aire, a chuirtear, ansin, os comhair dhá Theach an Oireachtais. Déanann an Roinn athbhreithniú maidir le Cód Rialaithe ar an nGníomhaireacht, plean straitéiseach 5 bliana atá comhaontaithe leis an Roinn agus Creat Comhaontaithe Feidhmíochta atá comhaontaithe leis an Roinn. Bíonn cruinnithe leathbhliantúla idir an NMA agus an Roinn. Tá an Ghníomhaireacht féinmhaoinitheach sa mhéid go bhforálann an tAcht dí tobhach a fhorchur ar gach lítear bainne a chuirtear ar fáil faoi chonradh atá cláraithe ag an nGníomhaireacht. Is í an Ghníomhaireacht féin a dhéanann cinneadh maidir le ráta an tobhaigh ach is de réir cead an Aire é sin. Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a cheapann cathaoirleach na Gníomhaireachta. Tá 5 chomhalta ar an nGníomhaireacht a dhéanann ionadaíocht ar tháirgeoirí, tá siad tofa go díreach ag táirgeoirí cláraithe agus tá na comhaltaí eile – lucht próiseála (4), dáileoirí (1), miondíoltóirí (1) agus tomhaltóirí (2) ceaptha ag an	Níl an eagraíocht ag fáil maoiniú ón Státchiste	An Rialac Ba

				Aire tar éis ainmniúchán a bheith faighte ó eagraíochtaí ainmnithe.		
Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara	Susan Steele Cathaoirleach		Josephine Kelly	Is é an SFPA Údarás Inniúil na hÉireann d'fhorfheidhmiú na reachtaíochta cosanta d'iascaireacht mhara agus gníomhaireacht oifigiúil de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) le reachtaíocht sábháilteachta bia don earnáil bia mara a fhorfheidhmiú.	Vóta	An tAire Mhara M
Teagasc	Gerry Boyle Stiúrthóir		Rebecca Chapman	Tá na feidhmeanna Aireachta mar a fhorordaítear i reachtaíocht rialaithe Teagasc ceangailte le seachadadh taighde, comhairle agus seirbhísí oideachais don earnáil Talmhaíochta. Is féidir leis an Aire feidhmeanna breise a thabhairt do Teagasc mar a fhoráiltear dó sa reachtaíocht. Baineann feidhmeanna na Roinne le maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Teagasc.	Vóta	Aire Talmhaíochta (Taighde agus
Comhairle Tréidlianna na hÉireann	Niamh Muldoon Cláraitheoir/ Príomhoifigeach Feidhmiúcháin		Colm Forde	Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara urraitheoir an Achta um Chleachtadh Tréidliachta 2005. Faoi Alt 15 den Acht, féadfaidh an tAire treoracha ginearálta beartais a thabhairt i scríbhinn maidir le feidhmiú a chuid feidhmeanna ag an gComhairle agus comhlíonfaidh an Chomhairle aon treoracha den sórt sin. Tá maoirseacht ag an Roinn faoi cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú maidir le rialachas an VCI	Níl an eagraíocht ag fáil maoiniú ón Státchiste	An Chomhairle Tréidlianna

Appendix 3

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Ard-Rúnaí

Brendan Gleeson

Ard-Rúnaí Cúnta

Cecil Beamish (MB)

Bia Mara agus Muirí

Bainistíocht Dobharshaothraithe agus Urthrá

Ceannaire Roinne: John Quinlan

Gníomhaireachtaí agus Cláir Muirí

Ceannaire Roinne: Paschal Hayes

Innealtóireacht Mhuirí

Ceannaire Roinne: Noel Clancy

Riarachán Iascaigh Mhara

Ceannaire Roinne: Kevin Moriarty

Beartas agus Forbairt Bia Mara

Ceannaire Roinne: Josephine Kelly

Ard-Rúnaí Cúnta

Martin Blake (MB)

Príomhoifigeach Tréidliachta (1)

Aon Sláinte Amháin, Aon Leas Amháin

Stiúrthóir Oibríochta (2)

Micheal Sheahan

Stiúrthóir VPHIS & DCVO (3)

Paula Barry Walsh (MB)

(1) Sláinte agus Leas Ainmhithe

Ceannaire Roinne: Dermot Murphy

1) NDCC, Pleanáil Teagmhais, BIPS, Iniúchóireacht Inmheánach Tréidliachta

Ceannaire Roinne: Hazel Sheridan

(2) Feidhmiú Sláinte Poiblí Tréidliachta

Ceannaire Roinne: Peter Maher

(2) Bainistíocht Ceantar Tréidliachta

Ceannaire Roinne (AMT Thuaidh): Jarlath O'Connor

Ceannaire Roinne (AMT Theas): Eilish O'Brien

(2) Rannán Imscrúduithe

Ceannaire Roinne: Tim Drea

(2) ERAD/Cógais Tréidliachta

Ceannaire Roinne: Colm Forde

(2) Athchogantaigh Sláinte Ainmhithe, ERAD, Clárú Áitreabh agus Sainaithe Ainmhithe

Ceannaire Roinne: Eoin Ryan

(3) Leas Ainmhithe (Lena n-áirítear, Iompar agus Onnmhairithe Beo) Cógais Ainmhithe & AMR

Ceannaire Roinne: Robert Doyle

(3) An Rannán Faireachais, Fotháirgí Ainmhithe agus TSE'nna (SAT)

Ceannaire Roinne: Paul Corkery

(3) Trádáil agus Deimhniú Tréidliachta

Ceannaire Roinne: Dave Nolan

(3) Sainaithe Ainmhithe agus Gluaiseacht Ainmhithe

Ceannaire Roinne: Martin Farrell

(3) Beartas Sláinte Poiblí Tréidliachta

Ceannaire Roinne: Joe O'Flaherty

Ard-Rúnaí Cúnta

Donal Sammin (MB)

Ceannaire Saotharlanna

Aon Sláinte Amháin

Stiúrthóir Saotharlanna Talmhaíochta

James Choiseul

Baictéareolaíocht

Ceannaire Roinne: Folúntas

Saotharlanna Eolaíochta Déiríochta

Ceannaire Roinne: Folúntas

Paiteolaíocht

Ceannaire Roinne: John Moriarty

Lotnaidicídí, Tástáil Síil & Sláinte Plandaí

Ceannaire Roinne: AnneMarie Dillon

Saotharlanna Tréidliachta agus Saotharlanna Tástála Fola

Ceannaire Roinne: Micheal Casey

Saotharlanna Rialaithe V P H

Ceannaire Roinne: Montserrat Gutierrez

Víreolaíocht

Ceannaire Roinne: Ronan O'Neill

(i)Córais Ghnó

Comhordú agus Forbairt

Stephen Fitzpatrick

(3) Bainne agus Sláinteachas Feola & Fotháirgí Ainmhithe

Bernie Brennan

Stiúrthóir

Donal Coleman**

Sábháilteacht Barraí

Rialuithe Lotnaidicídí

Ceannaire Roinne: Tom Medycott

Clárú Lotnaidicídí

Ceannaire Roinne: Aidan Moody

Sláinte Plandaí &

Gairneoireacht

Ceannaire Roinne: Barry Delany

Bianna Ainmhithe, Leasacháin, Gránach & Éanlaith

Ceannaire Roinne: Sheila Nolan

Meastóireacht agus Deimhniú Barraí

Ceannaire Roinne: Michael Moloney

** Ag tuairisciú do Bill Callanan

Ard-Rúnaí Cúnta

Bill Callanan (MB)

Príomhchigire

Timpeallacht

Athrú Aeráide & Beartas maidir le Bithfhuinneamh

Ceannaire Roinne: Edwina Love

Póru Beostoic,

Táirgeadh & Trádáil

Ceannaire Roinne: Gerry Grealley

Níotráit, Bithéagsúlacht agus Innealtóireacht

Ceannaire Roinne: Jack Nolan

Bia Taighde & Codex

Ceannaire Roinne: Richard Howell

Ard-Rúnaí Cúnta

Paul Savage (MB)

Idirnáisiúnta

Breathmeacht

Breathmeacht

& Trádáil Idirnáisiúnta

Ceannaire Roinne: Louise Byrne

Comhairleoirí agus Ataiséanna Talmhaíochta

Buan

Ionadaíocht sa Bhruiséil

Ceannaire Roinne: Breffini Carpenter

Forbairt Tuaithe CAP

Ceannaire Roinne: Corina Roe

Rannán AE

Ceannaire Roinne: Sharon M. Murphy

Londain

Ceannaire Roinne: Damien Flynn

Ard-Rúnaí Cúnta

Sinead McPhillips (MB)

Straitéis Agraibhia

Forbairt an Tionscal Bia

Ceannaire Roinne: Gráinne Mulligan

Beartas Feola agus Bainne

Ceannaire Roinne: María Dunne

Ceannaire Roinne: Sean Bell

Rialuithe Déiríochta

Ceannaire Roinne: Nicholas Finnerty

Ard-Rúnaí Cúnta

Eilís O'Connell (MB)

Acmhainní Daonna agus Gnóthaí Corparáideacha**Cumarsáid Straitéiseach**

Seirbhísí, Sláinte agus Sábháilteacht agus Seirbhísí Bainistíochta

Ceannaire Roinne: Heber McMahon

Gnóthaí Corparáideacha, F.O.I. Oifig an Aire

Ceannaire Roinne: Padraig McMahon

Acmhainní Daonna

Ceannaire Roinne: Kevin Galligan

Seirbhísí Dílíthiúla

Ceannaire Roinne: John Kinsella

Bainistíocht Sonraí

Ceannaire Roinne: Darren Murray

Cumarsáid

Ceannaire Roinne: Meg Laffan

Ard-Rúnaí Cúnta

Sean Keevey (MB)

CIO—IMT

PMO

Córais Ainmhí, Custaiméir agus Airgeadas agus Iascaigh IMT

Ceannaire Roinne: Joe Hanly

IMT - Díreach Feirme

Ceannaire Roinne: Alan King

Bonneagar IMT

Ceannaire Roinne: Sean Connolly

Comhordú & PMO IMT

Ceannaire Roinne: Louise Jevens

Ard-Rúnaí Cúnta
Kevin Smyth (MB)
CFO

Rialachas

Cuntais
Ceannaire Roinne: Colm McKiernan

Achomhairc Talmhaíochta
Ceannaire Roinne: Angela Robinson

Rannán Airgeadais & Láraonad Soláthair
Ceannaire Roinne: Martin Crowley

Grúpa Iniúcháireachta Inmheánach
Ceannaire Roinne: Gordon Conroy

Rásaíocht Capall agus Con agus Teagasc
Ceannaire Roinne: Rebecca Chapman

Ard-Rúnaí Cúnta
Colm Hayes (MB)
Forbairt Tuaithe

Comhordú Piléar 1 & 2

Timpeallacht agus Struchtúir Talmhaíochta
Ceannaire Roinne: Eoin O'Brien

Seirbhís Foraoise
Ceannaire Roinne: Patricia Kelly

Forbairt na hEarnála
Foraoiseachta
Ceannaire Roinne: Fergus Moore

Cigireacht na hEarnála
Foraoiseachta
Ceannaire Roinne: Seamus Dunne

**Orgánacha – Tacaíochtaí Margaidh
& Faoi Stiúir Áitiúil**
Ceannaire Roinne: Bridgeena Nolan

Agra-Chomhshaol agus Infheistíocht ar an Fheirm
Ceannaire Roinne: Miriam Cadwell

Ard-Rúnaí Cúnta
Paul Dillon (MB)
Íocaíochtaí Díreacha

Comhordú Piléar 1 & 2

BPS (Cigireachtaí; Rialú Airgeadais; Comhordú Beartais; Bainistíocht Riosca);
BDGP; Coimíneacht; Glasú Tionscadal Atógála LPIS.
Ceannaire Roinne: Paul McKiernan

Scéim Íocaíochta Bunúsach (Oibríochtaí)
Ceannaire Roinne: Fintan O'Brien

Teidlíochtaí agus Rialuithe Airgeadais CAP
Ceannaire Roinne Francis Morrín

Íocaíochtaí Díreacha
Rialuithe Comhtháite
Ceannaire Roinne: Thomas Keating

Bia Mara

Sábháilteacht Bia agus Sláinte Ainmhithe/Plandaí agus Leas Ainmhithe

Straitéis agus Comhordú Beartais

Forbairt Chorparáideach

Tacaíochtaí/Íocaíochtaí agus Rialuithe Feirme

Freagrachtaí leathana